Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2026

Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála

Eacnamaíocht

Gnáthleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Scéim Mharcála agus **Nótaí Tacaíochta**

Agus an scéim mharcála agus na nótaí tacaíochta á mbreithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná críochnúil agus bronnfar marcanna ar phointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.
- Ní freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.
- I gcuid mhaith cásanna, d'fhéadfadh sé go mbeadh eochairfhrásaí sna nótaí tacaíochta a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé nó sí na marcanna sannta.
- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. D'fhéadfadh sé, mar sin, go n-athródh na riachtanais ó bhliain go bliain.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Bhain an scéim mharcála seo úsáid as marcáil tuairiscín chun marcanna a leithdháileadh le haghaidh codanna áirithe de roinnt ceisteanna aspointe/pointí a fhorbairt. Tá cóipeanna den mharcáil tuairiscíní a úsáideadh sna táblaí thíos. Bhí an marc tuairiscín a úsáideadh ag brath ar leithdháileadh na marcanna don chuid áirithe sin den cheist. Ceisteanna le leithdháileadh de 6/5/4 mharc - bain úsáid as na táblaí thíos.

Sármhaith	An-mhaith	Go Maith	Measartha	Lag	Lag	Nialas
6	**5**	**4**	**3**	**2**	**1**	**0**
• Mioneolas • Baineann sé leis an gceist • Gonta • Loighciúil	• Sár-eolas • Seans nach bhfuil baint aige le ceist shonrach a cuireadh	• Roinnt eolais • Forbairt theoranta	• Eolas doiléir	• Eolas mearbhlach nó frithráiteach	• Gan mórán eolais	• Eolas ar bith • Athrá ar an ráiteas

4	3	2	1	0
Sármhaith	**An-mhaith**	**Measartha**	**Lag**	**Lag**
• Mioneolas • Baineann sé leis an gceist • Gonta • Loighciúil	• Roinnt • eolais • Forbairt theoranta	• Eolas eolais	• Mearbhlach nó • Eolas eolais	• Eolas ar bith • Athrá ar an ráiteas

3	2	1	0
Sármhaith	**Go Maith**	**Measartha**	**Lag**
• Mioneolas • Baineann sé leis an gceist • Gonta • Loighciúil	• Roinnt eolais • Forbairt theoranta	• Eolas eolais	• Eolas ar bith • Athrá ar an ráiteas

Tá eolas sa tábla thíos maidir leis na nótaí mínithe
a úsáidtear don mharcáil sa scrúdpháipéar.

Nóta mínithe	ÚSÁID	Marcanna (más iomchuí)
✓ 1	Faisnéis bhailí	1
✓ 2	Faisnéis bhailí	2
✓ 3	Faisnéis bhailí	3
✓ 4	Faisnéis bhailí	4
✓ 5	Faisnéis bhailí	5
✓ 6	Faisnéis bhailí	6
✓ 7	Faisnéis bhailí	7
✓ 8	Faisnéis bhailí	8
✓ 9	Faisnéis bhailí	9
✓ 10	Faisnéis bhailí	10
✓ 11	Faisnéis bhailí	11
✓	Freagra farasbairr nó cuid de fhreagra	N/B
0	Freagra mícheart	0
≷	Leathanach feicthe ag scrúdaitheoir / níl an fhaisnéis bailí	N/B

INNÉACS NA gCEISTEANNA

Ceisteanna		Lch (lgh)
	Pointí le tabhairt faoi deara	**3**
1-10	Roinn A	4 –14
	Roinn B	
11	Iarnród Éireann, Monaplacht - bacainní ar iontráil, Olagaplacht	15 – 18
12	Éileamh &eitiltí trasatlantacha, Infheistíocht, Revolut & rialáil	19 – 22
13	Cáin chorparáide, laghduithe cánach, méaduithe leasa shóisialaigh, corparáidí ilnáisiúnta	23 – 27
14	Boilsciú, pinsin uathchláraithe & daonraí atá ag dul in aois, PED & leictreachas	28 – 31
15	Caiteachas, táirgeadh spóirt: costais & brabús, geilleagar folaithe	32 – 35
16	Taraifí, fiontar, méaduithe pá íosta agus dílseacht oibrithe a chúiteamh	36 – 40
	Tionscadal Taighde Scoláire	42 – 44

ROINN A (75 marc)

<table>
<tr><th>C</th><th></th><th>Freagraí féideartha</th><th>Uas-Mharc</th></tr>
<tr><td>1</td><td>(i)</td><td>Cad dó a seasann na túslitreacha POS? Tá P déanta chun cuidiú leat.

<table><tr><td>Príomh</td><td>Oifig</td><td>Staidrimh</td></tr></table></td><td>1ú x 4
2ú x 2</td></tr>
<tr><td></td><td>(ii)</td><td>Tabhair sampla amháin d’earraí a easpórtáiltear as Éirinn agus mínigh fáth amháin a n-easpórtálann Éire earraí chuig tíortha eile.

Sampla:

Earraí cógaisíochta agus cógais - tá Éire ar cheann de na heaspórtálaithe táirgí leighis is mó ar dhomhan.
Ceimiceáin orgánacha - lena n-áirítear comhábhair a úsáidtear chun cógais agus táirgí tionsclaíocha a dhéanamh.
Ríomhairí agus trealamh leictreonach - amhail leathsheoltóirí, próiseálaithe agus feistí leighis.
Táirgí déiríochta - go háirithe púdar bainne, im, agus cáis.
Feoil - go háirithe mairteoil agus muiceoil.
Deochanna alcólacha - uisce beatha, beoir, agus licéir uachtair (amhail Baileys).
Feistí leighis - amhail ionstraimí máinliachta, ionphlandaithe, agus trealamh diagnóiseach.

Cúis:

Chun ioncam a thuilleamh don gheilleagar / fás eacnamaíoch a bhaint amach - Tugann easpórtálacha airgead isteach go hÉirinn ó thíortha eile, ag cabhrú le gnólachtaí fás agus ag tacú le hioncam rialtais trí chánacha.

Chun poist a chruthú - Nuair a dhíolann cuideachtaí Éireannacha thar lear, cuireann siad leis an táirgeadh agus fostaíonn siad níos mó oibrithe, rud a laghdaíonn an dífhostaíocht.

Chun láidreachtaí na hÉireann a úsáid - Tá Éire láidir in earnálacha amhail earnáil na cógaisíochta, earnáil na teicneolaíochta agus earnáil an bhia. Ligeann easpórtáil don tír speisialtóireacht a dhéanamh sna nithe is fearr aici.

Chun rochtain a fháil ar mhargaí níos mó - tá daonra na hÉireann beag (thart ar 5 mhilliún), rud a fhágann go gcuireann easpórtáil ar chumas gnólachtaí freastal ar na milliúin custaiméirí eile ar fud an domhain.

Chun comhardú na n-íocaíochtaí a fheabhsú - Trí earraí agus seirbhísí a dhíol thar lear, cuidítear le hÉirinn easnaimh trádála a laghdú agus a geilleagar a choinneáil seasmhach.

Chun cuidiú le caidrimh idirnáisiúnta a thógáil/a fheabhsú - feabhsaíonn trádáil idir tíortha caidrimh/naisc idirnáisiúnta - rud a d’fhéadfadh cabhrú le coinbhleacht a sheachaint.</td><td>1ú x 4
2ú x 2</td></tr>
</table>

2		Léiríonn figiúirí ó Chumann Thionscal Mótar na hÉireann (SIMI i mBéarla) gur cláraíodh 13,631 carr leictreach nua sna chéad sé mhí de 2025, méadú 27% ar an tréimhse chéanna in 2024 nuair a cláraíodh 10,737 carr leictreach. Arna chur in oiriúint ó SIMI	
	(a)	Pléigh **tairbhe phríobháideach amháin** nó **tairbhe shóisialta amháin** do gheilleagar na hÉireann má leanann níos mó daoine ag athrú go carranna leictreacha. **Tairbhe phríobháideach:** **Costais feidhmithe níos ísle** - Cosnaíonn gluaisteáin leictreacha níos lú in aghaidh an chiliméadair le feidhmiú ná gluaisteáin pheitril nó díosail toisc go bhfuil leictreachas níos saoire agus go bhfuil níos lú páirteanna gluaisteacha ag feithiclí leictreacha, rud a laghdaíonn costais chothabhála. **Dreasachtaí airgeadais an rialtais** - Féadfaidh daoine aonair tairbhe a bhaint as deontais, mótarcháin níos ísle, VRT laghdaithe, agus dreasachtaí eile, a laghdaíonn an costas foriomlán a bhaineann le gluaisteán leictreach a bheith acu. **Áisiúlacht maidir le luchtú baile** - Is féidir gluaisteáin leictreacha a luchtú sa bhaile thar oíche, rud a shábhálann am agus a chuireann deireadh le turais rialta chuig stáisiúin pheitril. **Éiginnteacht maidir le praghas breosla laghdaithe** - Níl úinéirí feithiclí leictreacha chomh neamhchosanta céanna ar luaineachtaí i bpraghsanna ola agus breosla, rud a fhágann go bhfuil costais iompair phearsanta níos seasmhaí agus níos intuartha. **Eispéireas tiomána níos ciúine agus níos réidhe** - Tá gluaisteáin leictreacha níos ciúine agus soláthraíonn siad luasghéarú níos réidhe, ag feabhsú compord agus sástacht tiomána don duine aonair. **Tairbhe shóisialta:** **Aer níos glaine** - Ní tháirgeann gluaisteáin leictreacha aon mhúch sceite, rud a laghdaíonn truailliú aeir agus a fheabhsaíonn sláinte daoine. **Níos lú truailliú torainn** - Tá feithiclí leictreacha níos ciúine ná gluaisteáin pheitril nó díosail, rud a chruthaíonn bailte agus cathracha níos ciúine agus níos sláintiúla. **Costais sláinte níos ísle** - Le níos lú tinnis a bhaineann le truailliú (cosúil le hasma), caitheann an rialtas níos lú ar chúram sláinte. **Tacaítear le spriocanna aeráide** - Trí astaíochtaí a laghdú, cuidítear le hÉirinn a spriocanna maidir leis an athrú aeráide a bhaint amach, rud a théann chun tairbhe don tsochaí san fhadtéarma. **Neamhspleáchas fuinnimh** - Trí níos mó leictreachais in-athnuaite a úsáid in ionad ola allmhairithe, ní bhíonn Éire chomh spleách céanna ar thíortha eile. **Spreagtar nuálaíocht agus poist** - Tacaíonn an fás ar úsáid feithiclí leictreacha le tionscail nua (stáisiúin luchtaithe, teicneolaíocht ceallraí), rud a chruthaíonn fostaíocht agus deiseanna.	**12** **NÓ** **12**

	(b)	Tabhair breac-chuntas ar bhealach amháin a bhféadfadh Rialtas na hÉireann **nó** miondíoltóirí carranna tomhaltóirí a spreagadh le níos mó carranna leictreacha a **cheannach**. **Rialtas**: **Deontais a mhéadú i dtreo feithiclí leictreacha a cheannach** - Fóirdheontais nó deontais níos mó a sholáthar chun an costas tosaigh a bhaineann le ceannach feithiclí leictreacha a laghdú. **Athruithe cánach** - Laghdú a dhéanamh ar Cháin Chláraithe Feithiclí (VRT), mótarcháin, nó CBL ar ghluaisteáin leictreacha chun iad a dhéanamh níos saoire ná cineálacha peitril/díosail. Méaduithe cánach ar chineálacha peitril/díosail chun ceannach feithiclí leictreacha a dhéanamh níos tarraingtí agus chun ceannach feithiclí leictreacha a spreagadh. **Forbairt a dhéanamh ar bhonneagar luchtaithe** - Infheistíocht a dhéanamh i níos mó pointí luchtaithe poiblí, go háirithe i gceantair thuaithe, ionas go mbraitheann daoine muiníneach as luchtú áit ar bith. **Scéimeanna trádála isteach a thairiscint** - Tabhair tacaíocht airgeadais bhreise do dhaoine a dhéanann seanghluaisteáin peitril/díosail a mhalartú do chinn leictreacha nua. **Buntáistí neamhairgeadais a chur ar fáil** Ceadaigh d'fheithiclí leictreacha lánaí bus a úsáid, cuir páirceáil saor in aisce nó níos saoire ar fáil, nó tairg lascainí dola chun feithiclí leictreacha a dhéanamh níos tarraingtí. **Miondíoltóirí carranna:** **Lascainí praghais nó roghanna tarraingteacha airgeadais a thairiscint** - Is féidir le miondíoltóirí an costas tosaigh a laghdú trí lascainí, iasachtaí ar ús íseal, nó socruithe fruilcheannaigh, rud a fhágann go bhfuil gluaisteáin leictreacha níos inacmhainne do thomhaltóirí. **Suiteáil luchtaithe tí saor in aisce nó lascainithe a sholáthar** - Má chuirtear luchtaire baile san áireamh sa cheannach, laghdaítear an mhíchaoithiúlacht agus cuirtear ceannaitheoirí ar a suaimhneas maidir le rochtain ar luchtú. **Oideachas a chur ar chustaiméirí trí thaispeántais agus turais tástála** - Is féidir le miondíoltóirí coigilteas costais feidhmithe a mhíniú agus turais tástála a cheadú ionas go mbeidh taithí ag custaiméirí ar fheidhmíocht réidh agus chiúin na ngluaisteán leictreach. **Bónais trádála isteach a thairiscint do ghluaisteáin pheitril nó díosail** - Spreagann luach breise trádála isteach tomhaltóirí chun aistriú ó ghluaisteáin thraidisiúnta trí phraghas ceannaigh éifeachtach feithicle leictrí a ísliú.	**12**
3		Le déanaí thosaigh siopaí ilrannacha, Brown Thomas san áireamh, ag gearradh 60 cent ar chustaiméirí as málaí iompair páipéir atá brandáilte.	
	(a)	Tabhair breac-chuntas ar **bhuntáiste** amháin a d'fhéadfadh a bheith ann do na siopaí sin as airgead a ghearradh ar chustaiméirí as na málaí páipéir brandáilte sin. **Spreagtar Gnáthóga Tomhaltóirí Inbhuanaithe -** Is í príomhaidhm an mhuirir iompraíocht tomhaltóirí a athrú. Nuair a chosnaíonn mála méid beag, fiú, spreagann sé siopadóirí a gcuid málaí in-athúsáidte féin a thabhairt leo, rud a laghdaíonn an t-éileamh ar earraí aonúsáide.	**12**

		Laghdaítear an tionchar ar an gComhshaol - Cé go bhfuil páipéar in-bhithmhillte, tá a tháirgeadh dian ar acmhainní. Cuidíonn muirearú ar mhálaí leis an méid a tháirgtear a laghdú, rud a thugann aghaidh ar dhífhoraoisiú, ar úsáid uisce agus ar astaíochtaí carbóin. **Feabhsaítear Braistint an Bhranda** - In 2026, tá tomhaltóirí an-íogair maidir le freagracht chorparáideach shóisialta (CSR). Léiríonn siopa a ghearrann táillí ar mhálaí go dtugann siad tús áite d'eitic chomhshaoil seachas áisiúlacht. Féadann sé seo dílseacht branda a thógáil i measc tomhaltóirí éicea-chomhfhiosacha a bhreathnaíonn ar an muirear mar chomhartha de ghnó “prionsabálta”. **Féadfar Cistí a Ghiniúint le haghaidh Carthanachta** - Roghnaíonn go leor miondíoltóirí na fáltais ó mhuirir mhála a dheonú do charthanais chomhshaoil nó do charthanais phobail áitiúla. **Frithairítear Ardchostais Táirgthe** - Tá málaí páipéir, go háirithe cinn láidre brandáilte le hanlaí treisithe, i bhfad níos costasaí a tháirgeadh ná málaí plaisteacha (is féidir le mála páipéir ardchaighdeáin costas 5 go 10 n-uaire níos mó ná mála plaisteach caighdeánach a chur ar mhiondíoltóir.) Trí mhuirear a ghearradh orthu, is féidir le miondíoltóirí na costais sin a aisghabháil seachas iad a leabú isteach i bpraghas a dtáirgí.	
	(b)	Tabhair breac-chuntas ar **mhíbhuntáiste** amháin a d’fhéadfadh a bheith ann do na siopaí sin as airgead a ghearradh ar chustaiméirí as na málaí páipéir brandáilte sin. **Measter siopaí a bheith ina “sprionlóirí” -** Is é an míbhuntáiste is práinní an tionchar ar dhearcadh chustaiméirí. Nuair a chaitheann siopadóir méid suntasach airgid ar earraí den scoth, tá seans go mbraithfidh siad go bhfuil sé suarach a iarraidh air 60c breise a íoc as mála. B’fhéidir go mbraitheann an custaiméir go bhfuil an branda ag tabhairt tosaíochta do bhrabúis thar só-eispéireas nó eispéireas mórshráide réidh. **Cailleadh “d’Fhógraí Soghluaiste”** - Is fógraí soghluaiste go bunúsach iad málaí brandáilte. Nuair a iompraíonn custaiméir mála páipéir brandáilte atá deartha go galánta trí ionad siopadóireachta, tá margaíocht saor in aisce á soláthar aige don siopa. Má dhíspreagann an muirear daoine ó mhála a thógáil-nó má thugann sé orthu an ceannachán a cheilt laistigh de mhála gualainne cineálach in-athúsáidte-cailleann an siopa amach ar an bpoiblíocht bhranda ard-infheictheachta sin. **Saincheisteanna Marthanachta** - Murab ionann agus plaisteach, tá páipéar leochaileach do thaise agus do mheáchain throma. Má chuirtear iallach ar chustaiméir íoc as mála páipéir agus má bhriseann sé mar gheall ar bháisteach nó ar earra trom, tá an leibhéal frustrachais i bhfad níos airde ná dá mbeadh an mála saor in aisce. **Moilleanna Oibriúcháin ag an gCuntar Amach** - I dtimpeallacht mhiondíola thapa, cuireann an cheist “an bhfuil mála uait” le gach idirbheart moill ar an scuaine. Cuireann sé seo soicind le gach idirbheart a d’fhéadfadh amanna feithimh níos faide a bheith mar thoradh air. **Riosca Méadaithe Féideartha de Ghadaíocht Siopa** - Nuair a ghearrann siopaí táillí ar mhálaí, siúlann níos mó custaiméirí amach as an siopa ag iompar earraí go scaoilte ina lámha nó faoina lámha. Fágann sé sin go bhfuil sé i bhfad níos deacra d’fhoireann slándála nó do chomhlaigh urláir idirdhealú a dhéanamh idir custaiméir íoctha a dhiúltaigh mála agus siopadóir atá ag iarraidh siúl amach le marsantas neamhíoctha.	**NÓ** **12**

4	**(a)**	An gceapann tú gur **caiteachas reatha rialtais** nó **caiteachas caipitiúil rialtais** é an caiteachas seo ar an gcóras iarnróid éadroim atá molta i gCorcaigh? Cuir do rogha in iúl le tic (✓) sa bhosca cuí thíos agus mínigh do fhreagra. Reatha: ☐ Caipitiúil: ☑ Is éard atá i gceist le caiteachas caipitiúil caiteachas ag an rialtas ar mhíreanna nach n-úsáidtear i rith na bliana / caiteachas aonuaire / sochair fhabhraithe san fhadtéarma / a mhéadaíonn cumas táirgthe na tíre.	**12**
	(b)	Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste eacnamaíochta amháin nó ar mhíbhuntáiste eacnamaíochta amháin do gheilleagar na hÉireann a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an gcóras iarnróid éadroim seo atá molta. **Buntáiste:** **Cruthú post** - Cruthóidh tógáil agus oibríocht an iarnróid éadroim fostaíocht i seirbhísí tógála, innealtóireachta agus iompair. **Borradh a chur faoi ghnólachtaí áitiúla** – D'fhéadfadh iompar níos éasca níos mó siopadóirí, turasóirí agus oibrithe a thabhairt isteach i gcathair Chorcaí, rud a mhéadódh díolacháin le haghaidh siopaí, bialanna agus seirbhísí. **Iompar níos éasca / níos inrochtana -** déanfaidh an córas nua iarnróid éadroim iompar timpeall chathair Chorcaí níos éasca dóibh siúd nach dtiomáineann / nach bhfuil bealach bus acu. **Táirgiúlacht fheabhsaithe** - Le hiompar níos tapúla agus níos iontaofa laghdaítear an t-am comaitéireachta, rud a chabhraíonn le hoibrithe agus le gnólachtaí oibriú ar bhealach níos éifeachtúla. **Mealltar infheistíocht** - Déanann bonneagar nua-aimseartha Corcaigh níos tarraingtí d'infheisteoirí agus do chuideachtaí atá ag smaoineamh ar bhunú sa réigiún. **Tairbhí comhshaoil a bhfuil tionchar eacnamaíoch acu** - Laghdaítear costais sláinte agus déantar an chathair níos inbhuanaithe le laghdú ar phlódú tráchta agus ar astaíochtaí. **Míbhuntáiste:** **Costais arda tógála** - Bheadh na billiúin euro ag teastáil chun córas iarnróid éadroim a thógáil, rud a chuirfeadh brú breise ar airgeadas an rialtais. **Cur isteach le linn na tógála** - D'fhéadfadh dúnadh bóithre agus oibreacha tógála dochar a dhéanamh do ghnólachtaí áitiúla sa ghearrthéarma trí rochtain custaiméirí a laghdú. **Riosca róchaiteachais** - Is minic a théann tionscadail mhóra thar bhuiséad, rud a chruthaíonn ualaí airgeadais fadtéarmacha do cháiníocóirí amach anseo. **Costais chothabhála agus oibriúcháin** - Beidh fóirdheontais leanúnacha ag teastáil chun an córas a chur ar fáil mura gcumhdaíonn díolacháin ticéad na speansais. **Tairbhí neamhchothroma** - D'fhéadfadh sé nach mbainfeadh daoine a chónaíonn i bhfad ón líne iarnróid tairbhe as, agus iad fós ag rannchuidiú trí chánacha, rud a ardaíonn ábhair imní maidir le cothroime / cothromas.	**NÓ** **12**

5		Pléigh buntáiste amháin **nó** míbhuntáiste amháin do thíortha **i mbéal forbartha** a d'fhéadfadh a bheith ag baint le cúnamh. **Buntáiste:** **Forbairt gheilleagrach a chur chun cinn** - Ba cheart tionchar dearfach a bheith ag an gcabhair ar leas na saoránach a fheabhsú. **Cúiseanna daonnúla** - Cuireann cabhair cuidiú ar fáil in amanna géarghá agus cuireann sí cosc ar bhásanna. **An bhochtaineacht/an t-ocras a laghdú** - Cabhraíonn an chabhair le saoránaigh teacht slán, go háirithe in amanna an ghorta. **Uisce glan -** Is féidir le cabhair cuidiú le rochtain ar uisce glan agus ar shláintíocht a chur ar fáil. Is féidir leis seo cabhrú le scaipeadh galar neamhriachtanach a shrianadh. **Feabhas a chur ar rochtain agus ar cháilíocht an oideachais** - Is féidir le cabhair feabhas a chur ar sholáthar oideachais/rochtain ar oideachas do chách ionas gur féidir an bhochtaineacht a laghdú. **Tacú le saoránaigh** - Is féidir le cabhair cuidiú le saoránaigh dul i ngleic le tionchar an athraithe aeráide toisc nach bhfuil na hacmhainní riachtanacha acu. **Sprioc 0.7% GNI go ODA de chuid na Náisiún Aontaithe a bhaint amach** - Is aidhm shonraithe de chuid rialtas na hÉireann é seo agus d'fhéadfadh sé cur le tuairim idirnáisiúnta an rialtais má chomhlíonann siad an aidhm sin. **Míbhuntáiste:** **Spleáchas ar Chabhair a Chruthú -** Ceann de na rioscaí is suntasaí ná go n-éiríonn tír "gafa" le caipiteal eachtrach. Má bhraitheann rialtas ar chabhair chun a sheirbhísí bunúsacha a mhaoiniú (amhail cúram sláinte nó oideachas), d'fhéadfadh sé nach bhforbródh sé a chórais bailithe cánach féin ná a gheilleagar éagsúlaithe féin. Fágann sé sin go bhfuil an náisiún atá i mbéal forbartha an-leochaileach; dá mbeadh ar thíortha bronntacha dul i ngleic le meathlú eacnamaíoch agus a mbuiséid a laghdú, d'fhéadfadh seirbhísí riachtanacha an náisiúin is faighteoir titim as a chéile. **Riosca an Éillithe agus na Mí-úsáide -** I dtíortha ina bhfuil rialachas lag nó easpa trédhearcachta, is féidir airgead cabhrach a atreorú ó na daoine is mó a bhfuil gá acu leis. **Tionscal Áitiúil a Shrianadh -** Nuair a chuirtear méideanna móra earraí saor in aisce (cosúil le héadaí nó grán) go tír atá i mbéal forbartha, féadtar an geilleagar áitiúil a scriosadh de thaisme. **"Cabhair Cheangailte" agus Leas Pearsanta Deontóra -** Go minic, tagann cabhair le "coinníollacha," ar a dtugtar cabhair cheangailte. D'fhéadfadh tír bhronntach iasacht nó deontas a sholáthar ar an gcoinníoll go gcaitear an t-airgead ar earraí nó ar sheirbhísí ó chuideachtaí an deontóra féin. Cuireann sé sin cosc ar an tír is faighteoir ón margadh is fearr a chuardach. **Saobhadh Eacnamaíoch -** Is féidir le sreabhadh isteach mór d'airgeadra eachtrach dochar a dhéanamh do gheilleagar easpórtála tíre atá i mbéal forbartha. Is féidir leis an mborradh de chabhair eachtrach airgeadra áitiúil a luachmhéadú (méadú ar luach). Cé go bhfuil cuma mhaith air sin, déanann sé easpórtálacha na tíre féin (cosúil le caife, mianraí, nó earraí monaraithe) níos costasaí agus níos neamhiomaíocha ar an margadh domhanda, rud a d'fhéadfadh moill a chur ar fhás tionsclaíoch.	**12**

6		Laghdaíodh táillí coláiste de €500 do mhic léinn tríú leibhéal go buan i mBuiséad 2026 (rud a tháinig in ionad laghdú sealadach de €1,000 i mBuiséad 2025). Arna chur in oiriúint ó HEA.ie Mínigh buntáiste amháin **agus** míbhuntáiste amháin a bhaineann leis an laghdú buan sin de €500 i dtáillí coláiste. **Buntáiste:** **Intuarthacht Airgeadais Mhéadaithe -** Murab ionann agus na laghduithe "aonuaire" dar luach €1,000 a chonacthas in 2023 agus 2024, tugann gearradh buan €500 deis do mhic léinn agus dá dteaghlaigh a n-airgeadas a phleanáil ar feadh tréimhse iomlán céime. **Rochtain Leathnaithe do Theaghlaigh "Meánioncaim" -** Tagann go leor mac léinn ó theaghlaigh a thuilleann an iomarca chun cáiliú do dheontas iomlán ach nach bhfuil dóthain airgid acu chun €3,000 a íoc roimh ré. Trí laghdú €500 a dhéanamh ar an táille bhonnlíne, laghdaítear an "barra iontrála" do na mic léinn mheánioncaim seo, rud a fhágann go bhfuil an t-oideachas tríú leibhéal níos ionchuimsithí. **Brúnna "Costas Maireachtála" a mhaolú -** Cé nach bhfuil i gceist le €500 ach codán de chostas iomlán na hollscoile, is ionann é agus coigilt shuntasach airgid, go háirithe agus an costas maireachtála atá ann faoi láthair á chur san áireamh. **Fiachas agus Brú Oibre na Mac Léinn Laghdaithe -** Déanann go leor mac léinn in Éirinn poist pháirtaimseartha go sonrach chun a táille ranníocaíochta a chlúdach. Laghdaíonn coigilteas €500 líon na n-uaireanta a chaithfidh mac léinn a bheith ag obair chun fanacht san ollscoil. Fágann sé sin gur féidir léi níos mó ama a chaitheamh ar léachtaí, ar staidéar agus ar ghníomhaíochtaí seach-churaclaim, rud a d'fhéadfadh feabhas a chur ar fheidhmíocht acadúil fhoriomlán agus ar fholláine mheabhrach. **Tacaíocht do Phrintísigh agus do Mhic Léinn Pháirtaimseartha -** I mbuiséid le déanaí, cuireadh na laghduithe sin i bhfeidhm ar phrintísigh san ardoideachas freisin. Tacaíonn sé sin le conairí gairmréime éagsúla trína chinntiú go dtiocfaidh laghdú ar fhorchostais oideachais na ndaoine sin atá i róil "foghlaim agus tuilleamh", rud a spreagfaidh níos mó daoine chun dul i mbun ceirdeanna oilte. **Míbhuntáiste:** **Brú méadaithe ar an mBuiséad Náisiúnta -** Is ionann gach laghdú €500 do níos mó ná 100,000 mac léinn agus caillteanas suntasach in ioncam díreach nach mór don rialtas a chur ina ionad. Chun an leibhéal reatha (atá faoi bhrú cheana féin) de sheirbhísí ollscoile a choinneáil, ní mór don rialtas na deicheanna milliún euro a fháil ó chánachas ginearálta chun "an bhearna a líonadh" atá fágtha ag an laghdú ar tháillí. **Deischostas -** Is airgead é seo nach féidir a chaitheamh ar sheirbhísí poiblí criticiúla eile amhail tithíocht, cúram sláinte, nó iompar poiblí, atá faoi bhrú ollmhór faoi láthair. **Fóirdheontas Cúlchéimnitheach -** Ó thaobh an cháiníocóra de, is minic a cháintear laghdú comhréidh dar luach €500 mar "neamhdhírithe." Tá táillí mic léinn ar ioncam íseal íoctha go hiomlán cheana féin ag córas deontais SUSI. Dá bhrí sin, is mó a bhaineann mic léinn ó theaghlaigh mheánioncaim go hardioncaim a bhí in ann íoc cheana féin tairbhe as laghdú uilíoch ar tháillí. **Ardú ar Phraghas -** Toisc gur chuir an rialtas laghdú sealadach €1,000 ar fáil roimhe seo mar bheart "costais maireachtála," bhraith an t-aistriú go laghdú buan €500 mar ardú ar phraghas dar luach €500 do go leor teaghlach.	**12** **1ú x 8** **2ú x 4**

7

Sa bhliain 2026 beidh comóradh 250 bliain ann ar an am a chuir Adam Smith coincheap ceithre **phrionsabal an chánachais** chun cinn in '*The Wealth of Nations*'.



Meaitseáil an prionsabal de chuid an chánachais leis an míniú cuí air sa tábla thíos.
Tá **Áisiúlacht (A)** déanta duit.

1ú x 8
2ú x 2
3ú x 2

Prionsabal	Míniú
A. Áisiúlacht	**1.** Ba cheart don chóras cánachais sciar níos airde d'ioncam a ghe i gcáin de réir mar a thagann ardú ar ioncam/caithfear cumas g duine chun cáin a íoc a chur san áireamh.
B. Cinnteacht	**2.** Ba chóir cáin a ghearradh ag am agus i modh atá áisiúil don cha
C. Barainneacht	**3.** Ba cheart don mhéid a íoctar a bheith soiléir agus díreach.
D. Cothromas	**4.** Ba cheart don mhéid ioncaim a bhailítear a bheith níos airde na a bhailithe.

Prionsabal	A	B	C	D
Míniú		3	4	1

8		D'íoc an tÚdarás Náisiúnta Iompair €753,500 (€500,000 os cionn an bhunphraghais mheasta) chun 14 chéim agus rampa a thógáil ag Páirc na bhFianna i gCnoc Mhuirfean, Baile Átha Cliath. Is ionann seo agus cur amú airgid phoiblí. Arna chur in oiriúint ó the Irish Times Cuir in iúl le tic (✓) cé acu a aontaíonn nó a easaontaíonn tú leis an ráiteas sin. Cosain do fhreagra. Aontaím: ☐ Easaontaím: ☐ **Aontaím:** **Deischostais** - Deischostas is ea €753,500 a chaitheamh chun 14 chéim a thógáil agus rampa. D'fhéadfaí an t-airgead sin a chaitheamh ar bhealach níos fearr ar chúram sláinte, ar oideachas nó ar bhonneagar. **Tarraingítear aird ar cur amú na hearnála poiblí -** I gcuideachta san earnáil phríobháideach, d'fhéadfaí bainisteoir a scaoileadh / d'fhéadfadh iarmhairtí a bheith aici maidir le conradh den sórt sin a shíniú. San earnáil phoiblí, ciallaíonn an easpa cuntasachta láithreach nach ndéanann an cáiníocóir ach costas na "bhfabhtanna" riaracháin seo a ionsú. **Ní aontaím:** **Inrochtaineacht do gach úsáideoir** - Tá sé ríthábhachtach go mbeadh an pháirc inrochtana do na húsáideoirí sin a mbíonn sé deacair orthu rochtain chaighdeánach a fháil. Níor cheart idirdhealú a dhéanamh ar dhaoine faoi mhíchumas. **'Dearbhaítear' bonneagar fadtréimhseach -** d'fhéadfadh sé go gciallódh an caiteachas (a d'fhéadfadh a bheith iomarcach i dtuairim roinnt daoine) go bhfuil seasamh ard ag an tógáil agus d'fhéadfadh sé sin a bhfad saoil a dhearbhú.	**12** **NÓ** **12**

9		Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste eacnamaíochta amháin **agus** ar mhíbhuntáiste eacnamaíochta amháin do gheilleagar na hÉireann a d'fhéadfadh a bheith ag an ardú seo i líon na ndaoine atá **fostaithe**. **Buntáiste:** **Ioncam Cánach Méadaithe -** Agus níos mó daoine fostaithe, tá príomhfhoinse ioncaim an Stáit -Cáin Ioncaim (ÍMAT)- tar éis leibhéil nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo a bhaint amach, rud a chuireann le barrachas ilbhilliún euro an rialtais. Cuireann an t-ioncam "ollmhór" sin ar chumas an rialtais tionscadail bhonneagair ollmhóra a mhaoiniú, amhail Ospidéal Náisiúnta na bPáistí. **Caiteachas Leasa Shóisialaigh Laghdaithe -** Cruthaíonn fostaíocht atá ag dul i méid "bua dúbailte" don bhuiséad náisiúnta. De réir mar a bhogann daoine ó dhífhostaíocht (Liúntas Cuardaitheora Poist) go cáin ioncaim a ranníoc. **Caiteachas/Éileamh Tomhaltóirí Méadaithe -** Nuair a bhíonn fostaíocht ard, ardaíonn ioncam indiúscartha teaghlaigh ar fud na tíre. Méadaíonn sé sin an t-éileamh sa gheilleagar, rud a ghineann ioncam cánach breise don rialtas (CBL) agus a spreagann tuilleadh fostaíochta. **Fás geilleagrach** - le caiteachas méadaithe laistigh den gheilleagar, cuirfidh sé sin borradh breise faoin ioncam náisiúnta agus cuirfidh sé borradh faoin bhfás eacnamaíoch. **Míbhuntáiste:** **Ganntanas lucht saothair/scileanna -** Le níos mó ná 2.8 milliún duine ag obair, níl aon lucht oibre "sa bhreis" fágtha sa mhargadh intíre. Chruthaigh sé sin scrogall ollmhór do thionscadail náisiúnta chriticiúla. **Brúnna boilscitheacha -** I margadh fostaíochta daingean, tá cumhacht shuntasach margála ag oibrithe. Chun baill foirne a mhealladh agus a choinneáil, cuirtear iallach ar fhostóirí pá níos airde a thairiscint. Chun na costais phá níos airde sin a chumhdach, ardaíonn gnólachtaí (go háirithe san fháilteachas agus sa mhiondíol) a bpraghsanna. Rannchuidíonn sé sin le boilsciú de bharr costbhrú sa gheilleagar. **Brú ar bhonneagar** - Ós rud é go bhfuil níos mó daoine i bhfostaíocht bíonn bonneagar amhail an gréasán bóithre níos gnóthaí, agus is minic a bhíonn moilleanna ollmhóra ann de réir mar a bhíonn níos mó agus níos mó daoine ag iarraidh taisteal chun na hoibre. Tá sé sin le feiceáil sna moilleanna móra ar an M50 le blianta beaga anuas.	**12** **1ú x 8** **2ú x 4**

10

Sa ghraf thíos tugtar breac-chuntas ar fhigiúirí oiriúnaithe le haghaidh chaiteachas an rialtais do 2025.
Caiteachas iomlán an Rialtais ná €120 billiún.



Arna chur in oiriúint ó whereyourmoneygoes.gov.ie

(i) Bain úsáid as an eolas thuas agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

Luaigh an réimse ina bhfuil an caiteachas rialtais **is airde**	**Coimirce Shóisialta**
Luaigh ceann de na réimsí ina bhfuil an caiteachas rialtais **is ísle**.	**Iompar/Dlí & Ceart**

1ú x 4
2ú x 2

(ii) Luaigh sampla amháin de chaiteachais an rialtais **i ngach ceann** de na réimsí se.

1ú x 4
2ú x 2

Coimirce Shóisialach:	**Pinsin, liúntas / sochar lucht cuardaigh fostaíochta, liúntas míchumais.**
Sláinte:	**Ospidéal nua a thógáil, pá dochtúirí/altraí/foirne, cógais etc.**

ROINN B (300 Marc)

Ceist 11

		Freagraí Féideartha	Uas-mharc
(a)		San íomhá thíos taispeántar an flít nua DART a nocht Iarnród Éireann, a reáchtálann an gréasán iarnróid in Éirinn. An sampla é Iarnród Éireann de **mhonaplacht?** IS EA: ✓ Cosain do fhreagra.	**4**
	(i)	**Cosain:** **Soláthróir aonair sa tionscal** - Níl ach an t-aon ghnólacht amháin sa tionscal. Is ionann an gnólacht agus an tionscal. **Smacht ar an bpraghas nó ar an gcainníocht a sholáthraítear** - Bíonn smacht ag an ngnólacht ar an bpraghas nó ar an gcainníocht a sholáthraítear ach ní féidir leis an dá cheann a smachtú. Is é an gnólacht a shocraíonn an praghas. **Bacainní ar iontráil** - Ós rud é nach bhfuil aon ghnólacht eile sa tionscal, d'fhéadfadh an mhonaplacht brabúis osnormálta a thuilleamh. Beidh an cás sin ann sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma mar gheall ar bhacainní ar iontráil. **Déantóir praghsanna** - Is féidir leis an monaplacht an praghas a shocrú dá tháirge toisc nach bhfuil mórán iomaíochta ann nó nach bhfuil aon iomaíocht ann. Is féidir leis an ngnólacht tionchar a imirt ar phraghsanna an mhargaidh trí aschur a shocrú.	**5**
	(ii)	Tabhair breac-chuntas ar **mhíbhuntáiste eacnamaíochta** agus ar **bhuntáiste eacnamaíochta** a d'fhéadfadh a bheith ag struchtúr margaidh monaplachta do thomhaltóirí in Éirinn agus/nó do gheilleagar na hÉireann. **Míbhuntáiste:** **Teacht i dtír tomhaltóirí** - Féadfaidh monaplachtaí praghsanna níos airde a ghearradh, i gcomparáid le hiomaíocht fhoirfe, mar nach bhfuil aon iomaíocht ann. **Úsáid neamhéifeachtúil acmhainní ganna** - Cuireann monaplachtaí nach dtáirgeann ag an bpointe is ísle den chuar AC acmhainní ganna amú. **Níos lú earraí a tháirgeadh ar phraghas níos airde ná iomaíocht fhoirfe** - Féadfaidh monaplachtaí, a bhfuil a gcostais cosúil le gnólacht in iomaíocht fhoirfe, aschur níos ísle a tháirgeadh i gcomparáid le gnólacht in Iomaíocht Fhoirfe. **Níos lú éifeachtúlachta/nuálaíochta** - Nuair atá easpa nuálaíochta ann ní bhíonn ar Mhonaplaí tabhairt faoin nuálaíocht ná táirgí nó seirbhísí nua a fhorbairt. **Buntáiste:** **Fostaíocht sheasmhach** - Ós rud é nach bhfuil aon iomaíocht ann, tá seasmhacht fostaíochta níos fearr ag fostaithe/féadfaidh siad tairbhe a bhaint as coinníollacha fabhracha fostaíochta/rátaí pá agus pinsean níos fearr. **Úsáid laghdaithe acmhainní ganna** - D'fhéadfadh go mbeadh níos lú dúblála i soláthar táirgí / seirbhísí. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá níos lú le fógraíocht iomaíoch ionas nach gcuirfear acmhainní na sochaí amú. D'fhéadfadh gur fearr soláthraí amháin seirbhísí áirithe a sholáthar e.g. ráillí traenach/eangach leictreachais chun dúbláil a sheachaint. **Acmhainneacht le haghaidh nuálaíochta/T&F** - na brabúis (osnormálta) a d'fhéadfadh monaplachtaí a thuilleamh, d'fhéadfaí iad a úsáid le haghaidh infheistíochta in T&F agus a smacht sa mhargadh a dhaingniú. Ní mór d'aireagóirí/cruthaitheoirí cosaint phaitinne a bheith acu nó b'fhéidir nach ndéanfaidís cumadh.	**1ú x 8** **2ú x 4**

(b) **(i)** Sa léaráid thíos taispeántar an staid chothromaíochta fhadthréimhseach ag gnólacht atá i margadh Monaplachta**.** Scríobh amach ina iomláine cad dó a seasann gach ceann de na lipéid seo a leanas. Tá **MCh** déanta chun cuidiú leat. **3 x 8**

Lipéad	Freagra
Cl	**Costas Imeallach**
MI	**Meán Ioncaim**
Il	**Ioncam Imeallach**

(ii) Taispeáin agus lipéadaigh go soiléir ar an léaráid thuas: **4**

- An praghas a ghearrfaidh an gnólacht ar a aschur (úsáid an lipéad **P_1**)
- An meánchostas (MCh) ar tháirgeadh an aschuir seo (úsáid an lipéad **MCh_1**)



(iii) D'fhéadfadh bacainní ar iontráil a bheith roimh ghnólacht atá ag iarraidh dul isteach i dtionscal **Monaplachta**. Tabhair breac-chuntas ar **bhacainn fhéideartha amháin ar iontráil**. **4**

Monaplacht dhlíthiúil/reachtúil - D'fhéadfadh an rialtas an ceart aonair a bhronnadh chun earra nó seirbhís a sholáthar ionas go mbeidh srianadh dleathach ar iomaíocht.

Úinéireacht paitinne/cóipchirt - Tá an ceart aonair ag gnólacht ar phróiseas déantúsaíochta ansin ní féidir le haon ghnólacht eile dul in iomaíocht leis (Feidhmíonn an phaitinn mar bhacainn iontrála).

Úinéireacht amhábhar - D'fhéadfadh gnólacht ceart aonair a shealbhú ar na hamhábhair atá ar fáil agus tríd sin, éiríonn leis a bheith ina mhonaplacht sa mhargadh sin.

Barainneachtaí scála/infheistíocht chaipitil mhór - D'fhéadfadh caipiteal a bheith chomh mór sin nach féidir ach leis an ngnólacht ar féidir leis caipiteal riachtanach a bhailiú feidhmiú sa mhargadh.

Cumaisc/táthcheangail - Féadfaidh gnólacht a chinntiú go mairfidh sé trí ghnólachtaí iomaíocha eile a chumasc/a ghlacadh ar láimh sa réim ghnó chéanna, ionas go mbeidh sé ina mhonaplacht agus nach bhfuil aon iomaíocht laistigh den tionscal.

Comhaontuithe trádála/comhghleacaíocht/cairtéil - D'fhéadfadh gnólachtaí comhaontuithe trádála a dhéanamh le soláthraithe eile, (dul i gclaonpháirt leo) ionas nach mbeadh aon ghnólacht eile in an tráchtearra a sholáthar do chuid áirithe den mhargadh. Is féidir le gnólacht praghsáil teorann a úsáid (díol ar phraghsanna fíor-ísle) chun iallach a chur ar iontrálaithe nua an tionscal a fhágáil ionas go mbíonn cumhacht mhonaplachta ag an ngnólacht sin i gcónaí.

(c)

Sampla is ea tionscal na n-ollmhargaí in Éirinn de struchtúr margaidh a gcuirtear síos air mar mhargadh **olagaplachta**.

Taispeántar sa ghrafaic faisnéise thíos an sciar céatadánach atá ag na príomh-ollmhargaí in Éirinn.

Sciar céatadánach na bpríomh-ollmhargaí in Éirinn le déanaí



Foinse: RTÉ.ie

(i) Bain úsáid as na sonraí sa ghrafaic faisnéise thuas agus ainmnigh an **dá** ollmhargadh ag a bhfuil **an sciar is mó den mhargadh** in Éirinn. **2 x 8**

1.	**Dunnes Stores**
2.	**Tesco**

(ii) D'fhéadfadh **nach** buntáiste do thomhaltóirí é margadh olagaplachta ina bhfuil líon beag gnólachtaí móra. **6**
An aontaíonn nó an easaontaíonn tú leis an ráiteas seo? Tabhair cúis le do fhreagra.

Aontaím:

Praghsanna níos airde - Le níos lú iomaitheoirí, d'fhéadfadh cumhacht phraghsála níos mó a bheith ag gnólachtaí, rud a d'fhágfadh go mbeadh praghsanna níos airde ann do thomhaltóirí mar gheall ar easpa iomaíochta praghsanna.

Rogha Theoranta - Ciallaíonn líon beag gnólachtaí níos lú roghanna táirgí nó seirbhísí do thomhaltóirí, rud a laghdaíonn éagsúlacht agus nuálaíocht sa mhargadh.

Cáilíocht agus Nuálaíocht Níos Ísle - Gan iomaíocht láidir, d'fhéadfadh sé go mbeadh níos lú spreagtha ag gnólachtaí cáilíocht táirgí a fheabhsú nó infheistíocht a dhéanamh sa nuálaíocht, rud a D'fHágfadh go mbeadh marbhántacht sa tionscal.

Poitéinseal Claonpháirteachais - Féadfaidh líon beag gnólachtaí dul i mbun iompraíocht fhrithiomaíoch, amhail socrú praghsanna nó comhaontuithe comhroinnte margaidh, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do thomhaltóirí trí phraghsanna a choinneáil ard d'aon turas.

		Ní aontaím:	**NÓ**
		Barainneachtaí Scála - Is féidir le níos lú gnólachtaí a oibríonn ar scála níos mó costais táirgthe a laghdú, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le praghsanna níos ísle do thomhaltóirí. **Infheistíocht níos airde i gCáilíocht agus i Nuálaíocht** - Is minic a bhíonn níos mó acmhainní ag gnólachtaí móra chun infheistíocht a dhéanamh i dtaighde, i bhforbairt agus i nuálaíocht, rud a fhágann go mbíonn táirgí agus seirbhísí níos fearr ann. **Seasmhacht agus Iontaofacht** - Is féidir le líon beag gnólachtaí seanbhunaithe seirbhís chomhsheasmhach agus táirgí iontaofa a sholáthar, rud a sheachnaíonn cur isteach sa mhargadh mar gheall ar an iomarca iomaíochta. **Iomaíocht Dhiomailteach a Sheachaint** - I roinnt tionscal, d'fhéadfadh neamhéifeachtúlachtaí agus samhlacha gnó neamh-inbhuanaithe a bheith mar thoradh ar an iomarca gnólachtaí atá in iomaíocht a chéile ar bhealach ionsaitheach, ach is féidir le líon níos lú gnólachtaí seasmhacht fhadtéarmach a áirithiú.	**6**

Ceist 12

		Freagraí Féideartha	Uas-mharc
(a)		Bhí feachtas fógraíochta rathúil ag Aer Lingus don Chlasaic Bhliantúil Pheil Mheiriceánach na gColáistí i bPáirc an Chrócaigh i mí Lúnasa 2025.	
	(i)	Tabhair breac-chuntas ar thoisc **amháin**, seachas feachtas fógraíochta, ar féidir léi tionchar a imirt ar an éileamh a bhíonn ar eitiltí idirnáisiúnta **go hÉirinn.** **Praghas na n-eitiltí** - Dá dtiocfadh laghdú ar phraghas na n-eitiltí go hÉirinn, thiocfadh méadú ar an éileamh ar eitiltí agus dá dtiocfadh ardú ar phraghas na n-eitiltí go hÉirinn, thiocfadh laghdú ar an éileamh ar eitiltí. **Praghas earraí comhlántacha:** Má tá méadú tagtha ar phraghas earraí comhlántacha ar nós óstáin/carranna ar cíos in Éirinn, is féidir go n-éileoidh níos lú daoine eitiltí go hÉirinn. **Praghas earraí ionaid:** Má tá méadú tagtha ar phraghas earraí ionaid cosúil leis an mbád farantóireachta tharlódh go gceannódh níos mó daoine níos mó eitiltí. **Ioncaim** - D'fhéadfadh sé gur tháinig méadú ar ioncam tomhaltóirí thar lear, rud a d'fhág gur tháinig méadú ar an éileamh / D'fhéadfadh sé gur tháinig laghdú ar ioncam tomhaltóirí thar lear, rud a d'fhág gur tháinig laghdú ar an éileamh. **Dúil/Sainroghanna Tomhaltóirí** - Dá n-éireodh sé níos tarraingtí cuairt a thabhairt ar Éirinn mar gheall ar rath méadaithe aisteoirí/lúthchleasaithe/ceoltóirí Éireannacha, thiocfadh méadú ar eitiltí go hÉirinn. **Ionchais** - Má tá tomhaltóirí ag súil go mbeidh praghsanna eitilte níos airde amach anseo, féadfaidh siad níos mó eitiltí a éileamh anois. Má tá tomhaltóirí ag súil le go mbeidh praghsanna eitilte níos ísle amach anseo, féadfaidh siad níos lú eitiltí a éileamh anois agus fanacht go dtiocfaidh laghdú ar an bpraghas. **Fachtóirí neamhphleanáilte** - Má bhí tonn teasa gan choinne in Éirinn, d'fhéadfadh méadú teacht ar an éileamh ar eitiltí go hÉirinn.	**10**
	(ii)	Dá dtiocfadh Ryanair isteach sa mhargadh d'eitiltí trasatlantacha, **mínigh** an chaoi a bhféadfadh sé sin tionchar a imirt ar **líon na ndaoine** a bhíonn ag **eitilt go hÉirinn.** **Iomaíocht mhéadaithe/Táillí aeir níos ísle** - Is dócha go mbeadh praghsanna ticéad níos ísle mar thoradh ar iomaíocht mhéadaithe idir aerlínte. De réir mar a éiríonn aerthaisteal níos saoire, éiríonn sé níos inacmhainne do thomhaltóirí, rud a chruthaíonn méadú ar líon na ndaoine a eitlíonn isteach go hÉirinn. **Méadú ar rogha bealaí agus amanna eitilte** - Féadfaidh aerlíne nua bealaí nua nó eitiltí níos minice a thabhairt isteach. Fágann rogha agus áisiúlacht níos fearr go bhfuil sé níos tarraingtí taisteal go hÉirinn, rud a spreagann níos mó daoine chun eitilt isteach sa tír. **Cáilíocht seirbhíse níos fearr** - Chun dul san iomaíocht, d'fhéadfadh aerlínte cáilíocht seirbhíse a fheabhsú (e.g. seirbhís níos fearr do chustaiméirí nó wifi saor in aisce). Fágann cáilíocht níos airde go bhfuil sé níos tarraingtí eitilt, rud a fhágann go bhfuil méadú ar líon na bpaisinéirí atá ag taisteal go hÉirinn.	**10**

(b)		Cistiú caipitil infheistíochta de €74 milliún le haghaidh seirbhísí uisce fógartha ag James Brown, Aire Rialtais.	
	(i)	Tabhair breac-chuntas ar an **gcúis** a bhfuil infheistíocht i **seirbhísí uisce** riachtanach in Éirinn, i do thuairim. **Seanchórais agus córais uisce neamhshábháilte** - Baineann go leor ceantair thuaithe úsáid as píopaí agus toibreacha an-sean. Is féidir leo sin sceitheadh nó éirí truaillithe. Cuidíonn an infheistíocht le cinn nua a chur ina n-áit ionas go mbeidh an t-uisce glan agus sábháilte le hól. **An tsláinte phoiblí a chosaint** - Tá uisce glan riachtanach don tsláinte. Is féidir le droch-chaighdeán uisce a bheith ina chúis le tinneas. Má chaitear airgead ar sheirbhísí uisce laghdaítear na rioscaí sláinte do dhaoine atá ina gcónaí i gceantair thuaithe. **Tacú le pobail tuaithe** - Fágann seirbhísí maithe uisce go bhfuil ceantair thuaithe níos fearr le cónaí iontu. Cuidíonn sé seo le daoine a choinneáil faoin tuath seachas bogadh go cathracha. **Cabhrú le feirmeoirí agus le gnólachtaí áitiúla** - Tá soláthairtí iontaofa uisce de dhíth ar fheirmeacha agus ar ghnólachtaí tuaithe. Tacaíonn córais uisce níos fearr le táirgeadh bia, turasóireachta agus poist áitiúla. **Rialacha an Aontais Eorpaigh maidir le cáilíocht uisce a chomhlíonadh** - Ní mór d'Éirinn cloí le dianchaighdeáin an Aontais Eorpaigh maidir le huisce óil. Tá gá le hinfheistíocht chun fíneálacha a sheachaint agus chun a chinntiú go gcomhlíonann gach réimse na ceanglais dhlíthiúla sin. **Freastal ar an éileamh méadaitheach a bheidh ann amach anseo** – tá gá leis an infheistíocht chun freastal ar an bhfás daonra amach anseo atá tuartha.	**7**
	(ii)	Is aidhm eacnamaíochta de chuid an rialtais í infheistíocht i mbonneagar ar nós uisce. Mol dhá aidhm eacnamaíochta reatha **eile** de chuid an rialtais. Cosain do fhreagra i ngach cás. **Tithíocht a fheabhsú -** Is saincheist mhór í an ghéarchéim tithíochta atá ráite ag an rialtas agus is príomhsprioc dóibh í a bhaint amach. **Iasachtaí a laghdú/Airgeadas inbhuanaithe rialtais**- Ní mór don rialtas iarracht a dhéanamh ár bhfiachas náisiúnta a laghdú agus é a dhéanamh níos inbhuanaithe ionas go mbeidh sé ar ár n-acmhainn é a aisíoc má thagann deireadh leis na barrachais bhuiséid reatha. Ba cheart níos mó airgid a chaitheamh chun an fiachas náisiúnta a íoc chun aisíocaíochtaí úis a laghdú. Tá brú ar an rialtas caiteachas a rialú chomh maith, go háirithe an costas a bhaineann le seirbhís phoiblí a chur ar fáil. **Lánfhostaíocht a bhaint amach** - Is aidhm eacnamaíoch eile é iarracht a dhéanamh lánfhostaíocht a bhaint amach. Cé go bhfuil na leibhéil dífhostaíochta íseal faoi láthair ag 4.7%, dá mbainfí lánfhostaíocht amach chuirfí borradh breise faoi airgeadas an rialtais agus bheadh fáltais mhéadaithe ó cháin ioncaim agus íocaíochtaí laghdaithe leasa shóisialaigh mar thoradh air sin. **Seirbhísí éifeachtacha stáit a chur ar fáil** - Tá sé mar chuspóir ag an rialtas feabhas a chur ar sheirbhísí laistigh den stát, mar shampla, seirbhísí sláinte, seirbhísí oideachais, etc. Is é an aidhm seirbhísí a sholáthar ar chostas níos ísle don cháiníocóir agus ar bhealach níos éifeachtúla (e.g. amanna feithimh níos ísle do sheirbhísí cúraim sláinte). **Fás eacnamaíoch a bhaint amach** - Is aidhm eacnamaíoch eile é iarracht a dhéanamh iomaíochas a fheabhsú do thionscail easpórtála na hÉireann le go dtiocfaidh méadú ar easpórtálacha, agus go mbeidh fostaíocht mhéadaithe agus méadú ar ioncam dá thairbhe.	**2 x 10**

		Infheistíocht a mhealladh - Tá sé ríthábhachtach tuilleadh infheistíochta a mhealladh d'fhás leanúnach gheilleagar na hÉireann. Is aidhm eacnamaíoch de chuid an rialtais é misin trádála chuig SAM, an tSín etc. a chuireann an IDA agus Fiontraíocht Éireann ar bun, féachtar le hinfheistíocht dhíreach eachtrach a mhéadú. **Forbairt bonneagair/rochtain leathanbhanda/líonra bóithre** - Ó tharla go mbíonn roinnt mhaith gnólachtaí in Éirinn (corparáidí ilnáisiúnta) i mbun trádála ar fud an domhain, tá gá le leathanbhanda ardluais. Mar thoradh air sin, rinne an rialtas infheistíocht le déanaí chun feabhas a chur ar an rochtain ar an leathanbhanda tríd an bplean leathanbhanda náisiúnta a chur i bhfeidhm. Tá gá le tuilleadh infheistíochta sa líonra bóithre freisin. **Forbairt réigiúnach chothrom a chur chun cinn** - Réamh-mhonarchana a chur ar fáil i gceantair réigiúnacha chun forbairt a chur chun cinn i gceantair nach mórcheantair uirbeacha iad. **Borradh a chur faoi easpórtálacha / feabhas a chur ar iomaíochas / an lucht saothair a uas-sciliú** - Trí bhearta a dhéanamh chun iomaíochas a fheabhsú, tá súil ag an rialtas go leanfaidh an borradh atá faoi easpórtálacha na hÉireann. Tá sé mar aidhm ag an rialtas freisin costas fóntas a laghdú. D'fhéadfadh go mbeadh Éire ní ba tharraingtí i dtaobh infheistíocht dhíreach eachtrach dá bharr. Trí mheán misin trádála chun na Síne etc. a chuireann an IDA agus Fiontraíocht Éireann ar bun, féachtar freisin le hinfheistíocht dhíreach eachtrach a mhéadú.	
(c)		Tháinig ardú ar an líon daoine atá ag úsáid an aip bhaincéireachta Revolut in Éirinn go os cionn 3 mhilliún anuraidh, ardú de os cionn 14%.	**8**
	(i)	Pléigh cúis **amháin** a bhfuil níos mó daoine in Éirinn ag baint úsáid as an aip bhaincéireachta Revolut. **Aistrithe tapa agus saor** - Is féidir leat airgead a sheoladh láithreach chuig cairde nó teaghlaigh gan aon táillí móra. Tá sé seo níos tapúla ná gnáth-aistrithe bainc. **Baincéireacht saor in aisce agus costais ísle** - Is féidir leis an gcuid is mó de dhaoine Revolut a úsáid saor in aisce (gnáthchuntas) a chabhraíonn leo airgead a shábháil, go háirithe leis an gcostas maireachtála ag ardú. **Aip atá éasca le húsáid** - Tá aip shimplí agus soiléir ag Revolut a fhágann go bhfuil baincéireacht, caiteachas agus seiceáil airgid an-éasca. Is fearr le go leor daoine é seo seachas aipeanna bainc eile. **Gnéithe breise úsáideacha** - Tugann Revolut nithe cosúil le huirlisí buiséadaithe, billí a roinnt san aip, malairt eachtrach, agus roghanna coigiltis nach gcuireann bainc thraidisiúnta ar fáil i gcónaí. **Go maith le haghaidh caiteachais thar lear agus le húsáid ó lá go lá** - Caitheann custaiméirí Éireannacha go leor airgid lena gcártaí Revolut ar laethanta saoire agus sa bhaile, rud a léiríonn go bhfuil muinín ag daoine as íocaíochtaí rialta. **Seirbhísí nua amhail coigilteas agus IBAN Éireannach** - Cuireann Revolut cuntais choigiltis ar fáil anois le hús agus uimhreacha bainc áitiúla na hÉireann (IBANanna), rud a fhágann go bhfuil sé níos éasca é a úsáid mar ghnáthbhanc agus íocaíocht a fháil isteach ann.	

	(ii)	Ainmnigh **dhá** institiúid airgeadais, seachas Revolut, a chuireann seirbhísí airgeadais ar fáil do shaoránaigh na hÉireann.. AIB, PTSB, Banc na hÉireann, Comhar Creidmheasa, An Post etc.	**2 x 8**
	(iii)	Ní mór do Bhanc Ceannais na hÉireann na hinstitiúidí airgeadais ar fad in Éirinn, Revolut san áireamh, a rialáil. Tabhair breac-chuntas ar **chúis** amháin a bhfuil sé tábhachtach institiúidí airgeadais a rialáil. **Chun dúshaothrú/calaois agus camscéimeanna tomhaltóirí a chosc** - cuidíonn an rialachán le cosc a chur ar bhainc agus ar chuideachtaí airgeadais chaimiléireacht a dhéanamh ar custaiméirí nó gníomhú go mímhacánta. **Chun airgead custaiméirí a chosaint** - Cinntíonn rialacha go gcoinníonn bainc agus gnólachtaí airgeadais coigilteas daoine sábháilte agus nach nglacann siad rioscaí móra le hairgead custaiméirí. **Chun an córas airgeadais a choinneáil seasmhach**-gan rialacha, d'fhéadfadh na bainc teip agus géarchéim airgeadais a chruthú. Laghdaíonn an rialachán an baol go dteipfidh bainc agus dochar a dhéanamh don gheilleagar. **Chun go ngníomhóidh gnólachtaí go cothrom** - Cinntíonn rialtóirí go gcaitheann bainc go cothrom le custaiméirí, go dtugann siad faisnéis shoiléir, agus nach gcuireann siad daoine amú. **Chun an geilleagar i gcoitinne a chosaint** - Spreagann córas airgeadais láidir iontaofa coigilt agus infheistíocht, rud a chabhraíonn le gnólachtaí fás agus le daoine poist a choinneáil.	**4**

Ceist 13

		Freagraí Féideartha	Uas-mharc
(a)		Taispeántar sa ghraf thíos fáltais na cánach corparáide in Éirinn idir 2018 agus 2024. **Fáltais na Cánach Corparáide in Éirinn 2018 - 2024 €billiún**  	
	(i)	Mínigh an téarma **cáin chorparáide:** Cáin í seo a ghearrtar ar na brabúis a dhéanann gnóthas / corparáid.	**6**
	(ii)	**Úsáid figiúirí ón ngraf thuas** agus déan trácht ar an **treocht fhoriomlán** i bhfáltais na cánach corparáide in Éirinn**.** **Trácht:** Tá méadú tagtha ar an méid airgid a fhaigheann stát na hÉireann ó cháin chorparáide Mhéadaigh sé ó €10.4 billiún in 2018 go €28.1 billiún in 2024 , méadú €17.7 billiún idir 2018 agus 2024 / tréimhse ama. An fhorbairt dhearfach nó forbairt dhiúltach atá sa treocht seo, dar leat? Cuir do fhreagra in iúl le tic (✓) agus mínigh do fhreagra. **Forbairt dhearfach:** **Caiteachas níos mó ag an rialtas ar sheirbhísí poiblí** - Leis an ioncam níos airde ó cháin chorparáide tugtar níos mó airgid don rialtas le caitheamh ar sheirbhísí cosúil le cúram sláinte, oideachas, iompar agus tithíocht. **Níos mó airgid aistrithe chuig cistí do lá na coise tinne –** Fágann ioncaim amhantair ó cháin chorparáide go bhfuil níos mó airgid ag an rialtas le cur isteach i gcistí do lá na coise tinne **Laghdaítear an spleáchas ar chánachas pearsanta** - Nuair a shaothraíonn an rialtas níos mó ó cháin chorparáide, ní bhíonn sé ag brath chomh mór ar cháin ioncaim agus MSU, rud a mhaolaíonn an t-ualach cánach ar oibrithe. **Feabhsaítear cobhsaíocht an bhuiséid** - Neartaíonn ioncam méadaithe ó cháin chorparáide an t-airgead atá ag an rialtas, rud a chuidíonn le hÉirinn suaití eacnamaíocha a láimhseáil agus easnaimh i mbuiséid a laghdú. **Tacaítear le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta** - Is féidir ioncam breise a infheistiú i mbonneagar, in oiliúint agus i bhforbairt réigiúnach, rud a chuidíonn le fás eacnamaíoch fadtéarmach agus le cruthú post.	**12** **3**

		Forbairt dhiúltach: **Róspleáchas ar ioncam luaineach ó cháin** - Tá ioncam ó cháin chorparáide cruinnithe go mór i measc líon beag gnólachtaí móra, rud a fhágann go bhfuil airgead an rialtais leochaileach má thiteann brabúis na ngnólachtaí sin...agus as sin leanann iarmhairtí do shaoránaigh i.e. laghdú ar sheirbhísí.	
	(iii)	Tabhair breac-chuntas ar chúis amháin a d'fhéadfadh leis an ardú ar fháltais na cánach corparáide in Éirinn ó 2018 i leith. **Fás ar chuideachtaí ilnáisiúnta** – Gnólachtaí móra domhanda (Apple, Google, Meta, Pfizer, etc.) a bunaíodh in Éirinn, a íocann na billiúin i gcáin chorparáide. **Leathnú ar na hearnálacha teicneolaíochta agus cógaisíochta** – Tá Éire ina mol anois don teicneolaíocht agus don chógaisíocht, tionscail a bhfuil brabúis an-ard acu. **Infheistíocht dhíreach eachtrach mhéadaithe (IDE)** – Mheall ráta cánach íseal na hÉireann, lucht oibre oilte, agus ballraíocht san Aontas Eorpach níos mó gnólachtaí domhanda. **Aistriú brabúis go domhanda** – Chuir cuid mhaith cuideachtaí ilnáisiúnta codanna móra dá gcuid brabúis ar fud an domhain in áirithe in Éirinn chun leas a bhaint as an ráta cánach níos ísle. **Fás eacnamaíoch níos láidre** – De réir mar a tháinig fás tobann ar OTI na hÉireann tar éis chliseadh 2008, shaothraigh cuideachtaí brabúis níos airde, agus as sin bailíodh tuilleadh cánach. **Fáltas cánach éifeachtaí níos airde ó athchóirithe** – Fágann rialacha idirnáisiúnta le déanaí (cosúil le híosmhéid cánach 15% an ECFE – a bhfuil feidhm leis in Éirinn ó 2024) agus rialúcháin níos déine gur laghdaíodh bealaí éalaithe, rud a chiallaíonn gur bhailigh Éire níos mó airgid ó chorparáidí.	**6**
(b)		Táthar ag súil go mbeidh barrachas de €7 billiún i mbuiséad rialtas na hÉireann don bhliain 2026. Mar thoradh air seo, tá brú ar an rialtas cánacha a ísliú. Arna chur in oiriúint ó IFAC	
	(i)	Pléigh **buntáiste** amháin do theaghlaigh **nó** don gheilleagar má íslíonn an rialtas cánacha. **Teaghlaigh:** **Ioncam indiúscartha níos airde** - Ciallaíonn cánach níos ísle go gcoinníonn teaghlaigh níos mó dá gcuid ioncaim, rud a mhéadaíonn an t-ioncam indiúscartha a bhíonn acu chun airgead a chaitheamh nó airgead a chur i dtaisce, rud a fheabhsaíonn a gcaighdeán maireachtála. **Caiteachas méadaithe tomhaltóirí** - Toisc tuilleadh airgid a bheith ar fáil, is mó seans atá ann go gcaithfidh teaghlaigh airgead ar earraí agus seirbhísí. **Cumas feabhsaithe airgead a chur i dtaisce** - Tugann laghduithe cánach deis do theaghlaigh tuilleadh airgid a chur i dtaisce le haghaidh éigeandálaí, pinsin, nó chun rudaí móra a cheannach cosúil le tithíocht. **Brú airgeadais laghdaithe -** Laghdaíonn billí cánach níos ísle an brú ar bhuiséid teaghlaigh, rud a chuidíonn le teaghlaigh costais mhaireachtála atá ag dul in airde a láimhseáil níos fearr. **Dreasachtaí oibre feabhsaithe** - Nuair a bhíonn cánacha níos ísle, bíonn fonn níos mó ar dhaoine uaireanta breise a oibriú nó dul sa tóir ar fhostaíocht ar phá níos airde, rud lena méadaítear ioncam an teaghlaigh.	**8**

		An Geilleagar: **Caiteachas tomhaltóirí méadaithe** - Ardaítear ioncaim indiúscartha le cánacha níos ísle, agus as sin bíonn caiteachas níos airde ag an teaghlach, rud a mhéadaíonn an t-éileamh comhiomlán sa gheilleagar. **Fás eacnamaíoch níos airde** - Is féidir le haschur níos airde (OTI) teacht as caiteachas agus infheistíocht mhéadaithe de réir mar a fhreagraíonn gnólachtaí d'éileamh neartaithe. **Infheistíocht ghnó níos mó** - Íslíonn laghduithe cánach costais do ghnólachtaí, agus spreagtar iad chun infheistiú in innealra, i dteicneolaíocht nua agus i leathnú. **Cruthú post** - De réir mar a leathnaíonn gnólachtaí mar gheall ar éileamh níos airde agus costais níos ísle, d'fhéadfaidís níos mó oibrithe a fhostú, agus laghdaítear dífhostaíocht dá réir sin. **Iomaíochas idirnáisiúnta feabhsaithe** - Laghdaíonn cánacha níos ísle costais táirgeachta, agus fágann sé sin go mbíonn gnólachtaí Éireannacha níos iomaíche sa bhaile agus thar lear, rud lena gcuirtear borradh faoi easpórtálacha.	
	(ii)	Tabhair breac-chuntas ar argóint eacnamaíochta amháin **i gcoinne** cánacha a laghdú. **Ioncam Laghdaithe don Rialtas** – Laghdódh cánacha níos ísle na cistí a bheadh ar fáil don rialtas, rud as a bhféadfaí gearradh siar a dhéanamh ar sheirbhísí poiblí riachtanacha cosúil le cúram sláinte, oideachas, agus seirbhísí leasa shóisialaigh, rud a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar an tsochaí. **Neamhionannas méadaithe in Ioncam** – Nuair a laghdaítear cánacha, go háirithe do dhaoine atá ar ioncam níos airde nó do chorparáidí, tá an baol ann go méadaítear éagothroime saibhris, toisc go laghdaíonn sé cumas an rialtais an saibhreas a athdháileadh agus tacú leo siúd atá i ngátar. **Infheistíocht Phoiblí Níos Laige** – Nuair a bhíonn níos lú ioncaim ó cháin ag an rialtas, d'fhéadfaidís streachailt le hinfheistíocht a dhéanamh i dtionscadail bhonneagair riachtanacha cosúil le hiompar poiblí, tithíocht, agus bóithre, rud a bhfuil gá leo le haghaidh fás eacnamaíoch fadtéarmach agus folláine shóisialta. **Fiachas Náisiúnta Níos Airde** –Má leanann easnamh buiséid as laghduithe cánach, d'fhéadfadh sé go gcaithfeadh an rialtas níos mó airgid a fháil ar iasacht, rud a mhéadódh an fiachas náisiúnta agus íocaíochtaí úis amach anseo, rud atá in ann brú a chur ar an ngeilleagar agus ar an airgead poiblí amach anseo. **Cumas Teoranta maidir le hAghaidh a Thabhairt ar Dhúshláin Eacnamaíocha** – D'fhéadfadh cánacha níos ísle laghdú a chur ar chumas an rialtais freagairt do ghéarchéimeanna eacnamaíocha, cosúil le cúlú eacnamaíoch nó cora chun donais airgeadais domhanda, agus d'fhéadfaí an bonn a bhaint den athléimneacht agus den chobhsaíocht fhioscach.	**8**

	(iii)	I mBuiséad 2026 d'ardaigh an rialtas íocaíochtaí leasa sóisialaigh de €10 sa tseachtain, daoine ar shochar cuardaitheora poist agus daoine ar liúntas míchumais san áireamh. An aontaíonn nó an easaontaíonn tú leis an ardú seo? Cuir do rogha in iúl le tic (✓) sa bhosca cuí thíos. Cosain do fhreagra. **Aontaím:** **Cuidítear le daoine an costas maireachtála atá ag dul i méid a láimhseáil** - Cuidíonn an méadú €10 leis na daoine a fhaigheann é praghsanna níos airde ar rudaí bunúsacha a láimhseáil, cosúil le bia, fuinneamh agus iompar. **Feabhsaítear an caighdeán maireachtála** -Tugann ioncam breise deis do na daoine a fhaigheann é freastal níos fearr ar bhunriachtanais, rud lena bhfeabhsaítear a gcaighdeán saoil. **Cosnaítear grúpaí leochaileacha** - Is minic go mbíonn ioncaim sheasta ag daoine atá ar liúntas míchumais agus ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh eile, mar sin cuidíonn an méadú leo siúd is mó atá i mbaol na bochtaineachta. **Cuirtear borradh faoi chaiteachas sa gheilleagar** - Tá níos mó seans ann go gcaithfidh daoine atá ag fáil íocaíochtaí leasa shóisialaigh an t-airgead breise go háitiúil, rud a mhéadaíonn an t-éileamh ar earraí agus seirbhísí agus a thacaíonn le gnólachtaí. **Cuirtear comhionannas sóisialta chun cinn** - Nuair a mhéadaítear íocaíochtaí leasa shóisialaigh cuidíonn sé sin chun neamhionannas ioncaim a laghdú trí thacú le teaghlaigh atá ar ioncam níos ísle. **Ní aontaím:** **Deischostas** - D'fhéadfadh an t-airgead a úsáideadh chun íocaíochtaí leasa shóisialaigh a mhéadú a bheith caite ar réitigh fhadtéarmacha cosúil le tithíocht, bonneagar, cúram sláinte nó chun poist a chruthú. **Méadaítear caiteachas an rialtais** - Cuireann an t-ardú €10 go mór leis an gcaiteachas reatha, rud a d'fhéadfadh an t-easnamh buiséid a dhéanamh níos measa nó teorainn a chur le caiteachas i réimsí eile. **D'fhéadfadh sé cur le boilsciú** - Méadaítear caiteachas tomhaltóirí nuair a ardaítear íocaíochtaí leasa shóisialaigh, agus tá sé sin in ann cur le boilsciú bunaithe ar tharraingt an éilimh, agus ardaítear praghsanna sa gheilleagar dá bharr. **Tionchar teoranta ar an gcostas maireachtála** - D'fhéadfadh méadú €10 a bheith róbheag chun aon difear i ndáiríre a dhéanamh mar gheall ar arduithe móra ar chostais tithíochta, fuinnimh agus bia. **Laghdaítear dreasachtaí chun oibre** - D'fhéadfadh íocaíochtaí leasa shóisialaigh níos airde an dreasacht a bhíonn ann do roinnt daoine fostaíocht a ghlacadh a laghdú, go háirithe poist ar phá níos ísle.	**8**
(c)	**(i)**	Tá sé tuairiscithe ag go leor de na Corparáidí Ilnáisiúnta (CINanna) (MNCs) a bhfuil a gceanncheathrú Eorpach acu in Éirinn go bhfuil na leibhéil is ísle fostaithe á bhfostú acu le 6 bliana anuas. Beidh tionchair ag laghdú ar fhostú fostaithe ag CINanna ar gheilleagar na hÉireann. Pléigh tionchar eacnamaíochta amháin a d'fhéadfadh a bheith ag **laghdú** ar fhostú fostaithe ag CINanna ar gheilleagar na hÉireann.	**8**

		Díthostaíocht níos airde – Nuair nach mbíonn an oiread deiseanna fostaíochta ann, ciallaíonn sé sin go mbeidh níos mó daoine, go háirithe céimithe, ag streachailt le hobair a aimsiú, agus méadaítear leibhéil díthostaíochta dá réir. **Ioncam laghdaithe ó cháin ioncaim** – Má tá níos lú daoine fostaithe, ní bhailíonn an rialtas an oiread cánach ioncaim, agus laghdaíonn sé sin an t-airgead a bhíonn ar fáil i gcomhair seirbhísí poiblí. **Caiteachas níos ísle i measc tomhaltóirí** – Má bhíonn níos lú daoine ag obair, nó má bhíonn fás níos moille ar phá, ní bhíonn an oiread ioncaim indiúscartha ag teaghlaigh le caitheamh i siopaí, i mbialanna, agus ar sheirbhísí. **Fás eacnamaíoch níos laige** – Spreagann cuideachtaí ilnáisiúnta OTI na hÉireann go mór; mura bhfostaítear an oiread daoine laghdaítear an ghníomhaíocht gheilleagrach agus an infheistíocht fhoriomlán. **Tionchar ar an éileamh tithíochta** – Má bhíonn níos lú oibrithe ag bogadh go hÉirinn i gcomhair jabanna, d'fhéadfadh an t-éileamh ar thithíocht laghdú (go háirithe i gcathracha cosúil le Baile Átha Cliath), agus bheadh tionchar aige sin ar phraghsanna réadmhaoine agus ar chíosanna. **Ní bheadh Éire chomh tarraingteach le haghaidh infheistíochta amach anseo** – D'fhéadfadh moill ar fhostú comhartha a thabhairt d'infheisteoirí eile go bhfuil earnáil na gcorparáidí ilnáisiúnta in Éirinn ag cúlú, rud a d'fhéadfadh infheistíocht dhíreach eachtrach nua a laghdú.	
	(ii)	Tá roinnt corparáidí ilnáisiúnta Meiriceánacha ag rá le déanaí go bhfuil siad ag smaoineamh ar athlonnú ar ais go Stáit Aontaithe Mheiriceá (SAM). Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a d'fhéadfadh a bheith ag na corparáidí sin athlonnú ar ais go SAM**.** **Taraifí –** Má thugtar taraifí nua isteach d'fhéadfadh sé sin a bheith ina dhreasacht do chorparáidí áirithe athlonnú ar ais go dtí na Stáit Aontaithe chun na taraifí sin a sheachaint agus chun praghsanna a choinneáil íseal/an t-éileamh ard ar a gcuid earraí/seirbhísí. **An Ghéarchéim Tithíochta** – Thug go leor gnólachtaí le fios go bhfuil an easpa tithíochta atá ar fáil d'fhostaithe féideartha ag cur bac mór orthu lonnú go hÉirinn. **Costais Mhaireachtála Arda** – Tá an costas a bhaineann le maireachtáil i gcathracha móra mar Bhaile Átha Cliath sách ard, agus i measc na gcostas sin tá tithíocht agus iompar. Fágann sé sin nach mbíonn sé d'acmhainn ag fostaithe maireachtáil sna háiteanna sin, agus d'fhéadfadh sé sin drogall a chur ar chorparáidí ilnáisiúnta oibríochtaí a chur ar bun anseo nó fostú go háitiúil. **Fáil Theoranta ar Réadmhaoin Thráchtála** – Cé gur tír tharraingteach í Éire do na corparáidí ilnáisiúnta, is minic go mbíonn an t-éileamh ar spás oifige agus ar réadmhaoin thráchtála, go háirithe i mBaile Átha Cliath, níos mó ná a bhfuil de sholáthar ann. Fágann sé sin go mbíonn sé dúshlánach do chuideachtaí spás oifige oiriúnach a aimsiú ar phraghsanna iomaíocha. **Brúnna Pá ag dul i méid** – De réir mar a mhéadaíonn an t-éileamh ar oibrithe oilte in Éirinn, méadaíonn an boilsciú pá dá réir. D'fhéadfadh deacracht a bheith ag roinnt corparáidí ilnáisiúnta an tallann is fearr a mhealladh nó a bheith in acmhainn iad a íoc i ngeall ar chostais ardaithe saothair. **Spleáchas ar mhargadh SAM** – Tá geilleagar na hÉireann ag brath go mór ar infheistíocht ó chuideachtaí atá bunaithe sna Stáit Aontaithe. Bíonn baol ann leis sin go bhféadfaidh na corparáidí ilnáisiúnta éagsúlú a dhéanamh, toisc go bhféadfaidís a fheiceáil go bhfuil an margadh faoi thionchar tosca eacnamaíochta seachtracha rómhór, go háirithe má thagann athrú ar bheartais na Stát Aontaithe.	**2 x 8**

Ceist 14

		Freagraí Féideartha	Uas-mharc
(a)	**(i)**	Mínigh an téarma **boilsciú praghsanna**. An méadú cobhsaí leanúnach ar leibhéal praghsanna go ginearálta /praghas earraí agus seirbhísí ag dul i méid.	**10**
	(ii)	Tá an leibhéal boilscithe i bpraghsanna in Éirinn **ardaithe** le linn na tréimhse ama thuas. An dtéann sé sin chun tairbhe do thomhaltóirí in Éirinn, dar leat? IS EA/NÍ hEA. Mínigh do fhreagra. **Ní hea:** **Cumhacht Ceannaigh Laghdaithe** – De réir mar a ardaíonn boilsciú praghsanna, ardaíonn costas earraí agus seirbhísí, rud a chiallaíonn nach féidir le tomhaltóirí na hÉireann an oiread earraí agus seirbhísí a cheannach lena n-ioncam. **Caighdeán maireachtála níos ísle** – De réir mar a théann praghsanna in airde, ní féidir le tomhaltóirí an oiread earraí/seirbhísí a cheannach lena n-ioncam agus laghdaítear dá réir sin caighdeán maireachtála tomhaltóirí na hÉireann. **Costas Maireachtála Méadaithe** – Ciallaíonn boilsciú atá ag méadú go n-éiríonn costais laethúla cosúil le bia, iompar, agus fóntais níos daoire do thomhaltóirí Éireannacha agus bíonn sé níos deacra do thomhaltóirí Éireannacha a mbuiséid a bhainistiú. **Rátaí Úis Níos Airde** – As boilsciú a théann in airde leanann rátaí úis níos airde a shocraíonn an Banc Ceannais Eorpach. Is féidir leis sin costais iasachtaithe a mhéadú do thomhaltóirí, rud a fhágann go mbíonn sé níos daoire iasachtaí, nó morgáistí a fháil, nó rud a fháil ar chairde (creidmheas). **Luach Laghdaithe Coigilteas** – Nuair a bhíonn boilsciú ard, titeann luach an airgid, rud a chiallaíonn go bhfuiltear ag cur isteach ar fhíorluach coigilteas mura bhfuil an ráta úis níos airde ná an ráta boilscithe. **Inacmhainneacht Tithíochta -** Ardaíonn boilsciú praghas margaidh tithíochta go hiondúil. I gcás tomhaltóirí Éireannacha atá ag iarraidh a dteach féin a cheannach, mar gheall ar bhoilsciú bíonn sé níos deacra acu, go háirithe ceannaitheoirí céaduaire. **Is ea:** **Laghdaítear "Fíor" Luach an Fhiachais** - Má tá iasacht ar ráta seasta agat–cosúil le hiasacht mic léinn, iasacht gluaisteáin, nó morgáiste lá éigin, laghdaíonn boilsciú fíorluach an fhiachais. Tá tú ag íoc airgead ar ais leis an mbanc nach bhfuil an luach céanna ag baint leis agus a bhí leis an airgead a fuair tú ar iasacht an chéad lá riamh. Tá sé cosúil le lascaine a fháil ar d'fhiachas. **Leanann Fás Pá Ina Dhiaidh Sin de Ghnáth** - Nuair a ghabhann praghsanna in airde, tosaíonn oibrithe (agus ceardchumainn i gcás na hÉireann) ag éileamh pá níos airde chun coinneáil suas leis na harduithe. Má thagann méadú 3% ar do thuarastal tráth a bhfuil boilsciú ag 2%, beidh tú níos fearr as. **Luachanna Sócmhainní ag Méadú (Cosúil le Tithe) -** Má tá sócmhainní agat, cuir i gcás teach, is iondúil go mbrúnn boilsciú a margadhphraghas in airde. I gcás tomhaltóirí Éireannacha a bhfuil a dteach féin acu, méadaíonn boilsciú a 'gcothromas' (luach an tí lúide an morgáiste). Cé go gciallaíonn sé sin go mbíonn sé níos deacra ag ceannaitheoirí céaduaire, méadaíonn sé saibhreas foriomlán na dteaghlach a bhfuil sócmhainní acu cheana féin. **Seirbhísí poiblí níos fearr** - Nuair a ghabhann praghsanna in airde, bailíonn an rialtas níos mó airgid i bhfoirm CBL (Cáin Bhreisluacha). Nuair a ghabhann pá in airde, bailíonn an rialtas níos mó i bhfoirm Cháin Ioncaim. Má bhíonn níos mó airgid i bpóca an rialtais ciallaíonn sé sin go mbeidh níos mó airgid acu le caitheamh ar sheirbhísí poiblí.	**10**

(b)	**(i)**	Ar an 1 Eanáir 2026, thug rialtas na hÉireann scéim uathclárúcháin pinsin isteach d'fhostaithe nach bhfuil pinsean príobháideach acu. Ciallaíonn sé sin, anuas ar gach €3 a chuireann fostaí lena phinsean, go gcuirfear €4 eile leis: €3 ón bhfostóir agus €1 ón Stát. Tabhair breac-chuntas ar **bhuntáiste eacnamaíochta** amháin **don fhostaí** *nó* **míbhuntáiste eacnamaíochta** amháin **don fhostóir** a d'fhéadfadh a bheith ag an scéim seo. **Buntáiste don fhostaí:** **Coigilteas scoir méadaithe** – Cruinníonn oibrithe pinsean go huathoibríoch, rud a thabharfaidh breis sláine airgeadais dóibh nuair a théann siad ar scor. **Airgead breise ón Rialtas** –Cuireann an Stát airgead breise le pinsean gach oibrí, rud a chuireann borradh faoi luach na gcoigilteas de réir a chéile agus arís tugann sé breise sláine airgeadais dóibh nuair a théann siad ar scor. **Éasca agus áisiúil** – Toisc go gcláraítear duine go huathoibríoch, ní gá d'oibrithe pinsean a chur ar bun iad féin nó déileáil le páipéarachas casta. **Caighdeán maireachtála níos fearr nuair a ghabhann duine ar scor** – Leis na ranníocaíochtaí go léir ón oibrí, ón bhfostóir, agus ón Stát, beidh níos mó ioncaim ag duine nuair a ghabhfaidh sé ar scor agus ní bheifear ag brath go hiomlán ar an bpinsean Stáit. **Míbhuntáiste don fhostóir:** **Costais saothair méadaithe** – Ní mór d'fhostóirí céatadán de phá gach fostaí a íoc isteach sa phinsean, agus méadaítear leis sin costais phárolla fhoriomlána. **Ualach riaracháin** – Bíonn breis páipéarachais ag baint le ranníocaíochtaí a chur ar bun agus a bhainistiú chomh maith leis na ceanglais chomhlíontachta d'fhostóirí, go háirithe gnólachtaí níos lú. **Brúnna ar an sreabhadh airgid** – D'fhéadfadh ranníocaíochtaí pinsin rialta brú a chur ar chuideachtaí a bhfuil buiséid sách cúng acu, go háirithe FBManna. **Iomaíochas laghdaithe** – D'fhéadfadh sé go bhfágfadh costais fostaíochta níos airde nach bhfuil gnólachtaí Éireannacha chomh hiomaíoch i gcomparáid le gnólachtaí i dtíortha ina bhfuil costais saothair níos ísle. **An tionchar ar chinntí fostaíochta** – D'fhéadfadh roinnt fostóirí gan an oiread daoine a earcú nó uaireanta oibre a laghdú chun teorainn a chur leis na costais phinsin.	**1 x 12**

	(ii)	Tugadh an scéim uathclárúcháin pinsin isteach chun freastal ar phobal na hÉireann atá ag dul in aois. Mol **réimse amháin eile** ar cheart do rialtas na hÉireann infheistiú ann chun freastal ar phobal na hÉireann atá ag dul in aois. Cosain do fhreagra. **Iompar Poiblí agus Bonneagar** – Faoin tuath in Éirinn go háirithe, mura bhfuil tú ag tiomáint níos mó, d'fhéadfá a bheith "sáinnithe" i do theach féin, agus as sin leanann aonrú. Seirbhísí bus Local Link a leathnú agus lár bailte a bheith níos "Aoisbháúla". Leis sin chaithfeadh cosáin a bheith níos leithne, tuilleadh binsí a bheith ann, soilsiú níos fearr, agus amanna trasnaithe níos faide do choisithe. **Seirbhísí Pobail Comhtháite -** De réir mar a théann daoine in aois, is minic go mbíonn go leor riochtaí sláinte ag dul dóibh agus bíonn orthu dul i gcomhair coinní sláinte go minic. In ionad gach duine a bheith ag dul chuig ospidéal mór, atá róphlódaithe cosúil le hOspidéal San Séamus nó Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh, ghabhfaidís chuig ionad áitiúil i gcomhair tástálacha fola, X-ghathanna, agus fisiteiripe. Seirbhísí a chur ar fáil sa phobal áitiúil ina gcuirtear rannpháirtíocht daoine chun cinn ar mhaithe le folláine fhisiceach / mheabhrach a chur chun cinn. **Inniúlacht Dhigiteach -** Tá an domhan mór ag bogadh ar líne, idir bhaincéireacht agus choinní dochtúra a chur in áirithe, agus tá an baol ann go bhfágfar an ghlúin níos sine ar gcúl. Dá bharr sin, ba cheart don rialtas maoiniú a mhéadú le haghaidh cláir um Ionchuimsiú Digiteach. **Liúntas cúramóirí a mhéadú/infheistiú i gcúram faoisimh** - Tá Éire ag brath go mór ar 'chúramóirí neamhfhoirmiúla', ar baill teaghlaigh iad go minic. Nuair a mhéadaítear an Liúntas Cúramóra agus nuair a dhéantar infheistíocht i gcúram faoisimh tugtar sos do chúramóirí teaghlaigh lánaimseartha fad is a thugtar aire dá nduine muinteartha i saoráid ghairmiúil. Murach na cúramóirí teaghlaigh sin, bheadh córas cúraim sláinte na hÉireann faoi bhrú. Nuair a dhéantar infheistíocht iontu bítear ag infheistiú i gcobhsaíocht an chórais trí chéile. **Réitigh tithíochta inacmhainne** (lena gcothaítear ionchuimsiú) – soláthraíonn siad cóiríocht lena gcomhtháthaítear daoine atá ag dul in aois isteach ina bpobal féin agus soláthraítear seirbhísí atá riachtanach: Cuairteanna ar an Dochtúir Teaghlaigh; limistéir shóisialta; caiféanna etc.	**12**
	(iii)	Tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** a d'fhéadfadh a bheith leis **an laghdú ar fhás** an Éilimh Mhodhnaithe Intíre (ÉMI) idir 2024 agus 2025. **Éiginnteacht Dhomhanda Níos Mó** - Fágann teannais gheopholaitiúla atá ag dul i méid go háirithe ó bheartas trádála agus cánach na Stát Aontaithe go bhfuil timpeallacht ghnó níos cáiréisí againn anois. Dá bharr sin tá **dearcadh níos guagaí i measc tomhaltóirí agus gnóthaí, laghdaítear tomhaltas teaghlaigh, infheistíocht,** agus an t-éileamh foriomlán. **An Tomhaltóir Cáiréiseach** - Cé go bhfuil fostaíocht agus pá fós sách láidir, tá rátaí coigiltis níos airde ag teaghlaigh agus **níl siad ag caitheamh an méid céanna airgid**, agus tionchar ag imní faoi bhoilsciú agus ag éiginnteacht eacnamaíoch orthu. **Infheistíocht níos Moille i nGnó agus i dTithíocht** – Tá deacrachtaí roimh thomhaltóirí a bhíonn ag lorg roinnt seirbhísí agus tithe (ar comhpháirteanna den Éileamh Modhnaithe Intíre an dá cheann acu). Tá an dá cheann ag cailleadh nirt agus ag laghdú an ÉMI. Measadh gur síos a rachaidh an líon tithe a thabharfar chun críche tar éis spriocanna a chailleadh, agus tá an fás infheistíochta, cé go bhfuil sé deimhneach, fós measartha. **Bacainní Leanúnacha ar Bhonneagar agus ar Acmhainn** - Cuirtear bac ar an bhfás intíre mar gheall ar thranglam ar thaobh an tsoláthair–go háirithe i dtithíocht, in iompar, agus maidir le fóntais. Cuireann na teorainneacha bonneagair sin bac ar dheiseanna infheistíochta agus ar thomhaltas teaghlaigh.	**6**

(c)		Taispeántar praghasleaisteachas an éilimh (PED) do leictreachas thíos. **PED do leictreachas = - 0.5**	
	(i)	Pléigh an **chúis** a bhfuil an t-éileamh ar leictreachas **praghas-neamhleaisteach.** Éileamh neamhleaisteach atá ann toisc go bhfuil sé níos lú ná 1 i ndearbhthéarmaí. Tá an t-athrú céatadáin sa chainníocht a éilítear níos lú ná an t-athrú céatadáin ar an bpraghas. Is tráchtearra riachtanach é a theastaíonn ó dhaoine agus fiú má mhéadaíonn an praghas ní thiocfaidh ach fíorbheagán athrú ar an éileamh.	**5**
	(ii)	Tá líon na dteaghlach atá chun deiridh ina mbillí fuinnimh ag an líon is airde riamh ag os cionn 319,450 de réir mar a théann praghsanna in airde in Éirinn. Tá praghas an leictreachais in Éirinn tar éis ardú as cuimse ó bhí 2020 ann. Tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** a d'fhéadfadh a bheith leis an ardú sin i bpraghas an leictreachais. **Róspleáchas ar ghás -** Cé go bhfuil neart gaoithe in Éirinn, gintear thart ar leathan dár leictreachas i gcónaí trí ghás nádúrtha a dhó. I margadh fuinnimh na hEorpa, socraítear praghas an leictreachais go minic leis an aonad "imeallach" (deireanach) fuinnimh a theastaíonn chun freastal ar an éileamh–agus is gás é sin beagnach i gcónaí in Éirinn. **Suaití Geopholaitiúla/An Cogadh san Úcráin** - Roimh 2022, bhí an Eoraip ag brath go mór ar ghás saor ón Rúis. Nuair a rinne an Rúis ionradh ar an Úcráin, cuireadh srian mór ar an soláthar sin. Cé nach bhfaighimid go leor gáis díreach ón Rúis, ceannaímid é ó na margaí sa Ríocht Aontaithe agus san Eoraip áit a ndeachaigh praghsanna in airde thar cuimse mar gheall air a bheith gann. **Éileamh ar Ionaid Sonraí** – Is in Éirinn atá an mol Eorpach le haghaidh mórchuideachtaí teicneolaíochta cosúil le Google, Meta, agus Amazon. Feidhmíonn na cuideachtaí sin ionaid sonraí ollmhóra a bhíonn oscailte ar feadh an lae agus na hoíche. Ídíonn ionaid sonraí thart ar 21% den leictreachas uilig in Éirinn anois. Cuireann an méadú thar cuimse sin ar éileamh brú ar an soláthar. Nuair a bhíonn an t-éileamh ard agus nuair atá an soláthar gann, téann na praghsanna in airde. **Cánacha Carbóin/Tobhaigh Ghlasa** – Chun an t-athrú aeráide a throid, cuireann an rialtas cánacha i bhfeidhm ar bhreoslaí iontaise ionas nach n-úsáidfidh daoine iad. Tá an Cháin Charbóin ag méadú go leanúnach (ag sroicheadh €63.50 in aghaidh an tona in 2025). In éineacht leis sin, is muirear é an Tobhach PSO (Oibleagáid Seirbhíse Poiblí) a ghearrtar ar bhille gach duine agus a úsáidtear chun an t-aistriú chuig fuinneamh glas a mhaoiniú. Cé go bhfuil gá leis ar mhaithe leis an timpeallacht, cuireann sé costas breise seasta ar gach aonad leictreachais a úsáidtear.	**8**
	(iii)	Mol **beart** amháin a d'fhéadfadh teaghlaigh in Éirinn a dhéanamh chun costas a mbillí leictreachais a laghdú. **Úsáid leictreachais a laghdú** – D'fhéadfadh teaghlaigh Éireannacha a dtomhaltas leictreachais a laghdú m.sh. fearais nach bhfuil in úsáid a mhúchadh. D'fhéadfaidís cuimhneamh orthu féin sula n-úsáideann siad fearas m.sh. citeal lán a fhiuchadh le haghaidh cupán amháin tae. Miasniteoirí/ innill níocháin a líonadh suas sula n-úsáidtear iad. **Fuinneamh In-athnuaite** – D'fhéadfadh teaghlaigh Éireannacha féachaint ar bhealaí eile chun fuinneamh a rochtain m.sh. painéil ghréine a shuiteáil. **Fearais a uasghrádú** – D'fhéadfadh teaghlaigh Éireannacha a chinntiú go bhfuil a bhfearais leictreacha níos éifeachtúla ar fhuinneamh m.sh. athrú chuig fearais a bhfuil rátáil fuinnimh níos fearr acu. **Soláthraithe a athrú** – Tá go leor teaghlaigh nach bhfuil conradh acu lena soláthraí agus dá bharr sin tá siad ag íoc i bhfad níos mó ar leictreachas. Trí sholáthraithe a athrú agus conradh nua a dhéanamh tá deis ag tomhaltóirí na céadta euro a shábháil.	**12**

Ceist 15			
		Freagraí Féideartha	**Uasm harc**
(a)		Tá an Rialtas tiomanta do mhaoiniú bliantúil ar spórt a mhéadú ó €112 milliún in 2018 go €220 milliún in 2027 tríd an bPolasaí Náisiúnta Spórt. Tugann an caiteachas ar (áiseanna) spóirt go leor buntáistí don gheilleagar. *Arna chur in oiriúint ó KPMG* Rialtas na hÉireann Government of Ireland **Polasaí Náisiúnta Spórt 2018 - 2027**	
	(i)	Tabhair bhreac-chuntas ar thairbhe phríobháideach amháin **agus** ar thairbhe shóisialta amháin a d'fhéadfadh teacht ón gcaiteachas méadaithe seo ar spórt. **Buntáiste príobháideach:** **Sláinte agus folláine fheabhsaithe** – Nuair a dhéantar tuilleadh infheistíochta i saoráidí spóirt agus i gcláir spóirt spreagtar daoine aclaíocht a dhéanamh, murtall a laghdú agus costais sláinte fhadtéarmacha. **Forbairt na hóige** – Trí spórt a mhaoiniú sa phobal tugtar deiseanna do dhaoine óga scileanna agus muinín a fhorbairt agus bíonn siad in ann tabhairt faoi obair fhoirne. **Cuimsiú sóisialta** – Má dhéantar infheistíocht i spórt bíonn sé inrochtana do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, agus cuirtear comhionannas agus rannpháirtíocht an phobail chun cinn. **Foirne náisiúnta níos láidre** – Cuidíonn oiliúint níos fearr i gcomhair cóitseála agus oiliúna le lúthchleasaithe na hÉireann dul san iomaíocht go rathúil ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta. **Buntáiste sóisialta:** **Forbairt pobail** – Is moil shóisialta iad na clubanna spóirt, agus cuidíonn maoiniú chun féiniúlacht áitiúil agus spiorad pobail a neartú. **Costais chúraim sláinte laghdaithe** – Ciallaíonn daonra níos gníomhaí go mbeidh níos lú tinnis ann a bhaineann le slí mhaireachtála duine, agus laghdaítear an brú ar an tseirbhís sláinte dá réir sin. **Éire a Chur Chun Cinn go hIdirnáisiúnta** – Nuair a bhíonn rath ar dhaoine sa spórt ardaítear próifíl na hÉireann thar lear, agus cuirtear borradh faoi thurasóireacht agus faoin mórtas náisiúnta. **Tairbhí eacnamaíocha** – Gintear turasóireacht, gníomhaíocht ghnó, agus poist i réimsí mar fáilteachas agus iompar nuair a bhítear mar óstach ar imeachtaí spóirt.	**8** **8**
	(ii)	Tá moladh déanta Malcolm Byrne, TD, go ndéanfadh an rialtas fóirdheonú ar an gcostas a bhaineann le spórtlanna a úsáid do dhaoine aonair. An aontaíonn tú nó an easaontaíonn tú leis an ráiteas seo? Cuir tic (✓) sa bhosca thíos agus cosain do fhreagra **Aontaím:**	

		Costais Chúraim Sláinte Fhadtéarmacha a Laghdú - Is é an toradh ar infheistíocht an argóint is mó i bhfabhar buiséid sláinte phoiblí. Cosnaíonn riochtaí ainsealacha mar ghalar cardashoithíoch, agus deacrachtaí a bhaineann le murtall na billiúin ar an stát gach bliain. Laghdaíonn aclaíocht rialta an baol go bhfaighidh duine na galair sin. Ghníomhódh ballraíocht a bhfuil fóirdheonú déanta uirthi mar chineál "leigheas coisctheach", agus choinneodh sé daoine amach as oifigí dochtúirí agus as seomraí éigeandála. **Táirgiúlacht an Fhórsa Saothair a Fheabhsú** – Má tá daonra folláin tá sé níos táirgiúla ar bhonn eacnamaíoch. Tá díomhaointeas fisiciúil nasctha go díreach le rátaí níos airde neamhláithreachais. Trí spórtlanna a fhóirdheonú, tacaíonn an rialtas le lucht saothair níos athléimní (a bhfuil níos mó teacht aniar iontu). **Aghaidh a Thabhairt ar Éagothroime Sláinte -** Tá costas ar cheann de na bacainní is mó ar aclaíocht, go háirithe do theaghlaigh ar ioncam íseal. Cruthaíonn sé sin "bearna sláinte" áit a bhfuil na daoine a bhfuil níos lú ioncaim indiúscartha acu i mbaol níos airde tinnis a fháil is féidir a chosc. Cuireann sé sin comhionannas sóisialta chun cinn agus cuidíonn sé chun dul i ngleic le difríochtaí sláinte i bpobail atá ar bheagán deiseanna. **Tacaíocht don Mheabhairshláinte agus don Chomhtháthú Sóisialta -** Freastalaíonn spórtlanna agus ionaid aclaíochta mar mhoil shóisialta ríthábhachtacha lasmuigh den bhaile agus den obair. Tá sé cruthaithe go cliniciúil go laghdaíonn gníomhaíocht coirp comharthaí sóirt an dúlagair, imní, agus struis. Cothaíonn ranganna grúpaí idirghníomhaíocht shóisialta agus braistint an mhuintearais. **Ní aontaím:** **An Costas Marbhualaigh** - Tarlaíonn sé sin nuair a chaitheann an rialtas airgead chun iompar a tharlódh ar aon nós a fhóirdheonú. Ó 2025 ar aghaidh, tá ballraíochtaí spórtlainne cheana féin ag os cionn 700,000 duine in Éirinn, agus gan aon fóirdheontas acu dóibh. Ach fóirdheontas a thabhairt a d'fhéadfadh idir €65 milliún agus €100 milliún a chosaint bheifí ag tabhairt tairbhe do dhaoine atá gníomhach cheana féin agus atá in acmhainn é a íoc cheana féin. **Baol maidir le Boilsciú Praghsanna/An tSáinn Fóirdheonaithe** – Tá baol ann go n-ardódh oibritheoirí spórtlann tráchtála a gcuid praghsanna chun fóirdheontas an rialtais a iompar, agus ní bheadh an tomhaltóir aon phioc níos fearr as dá bharr. Má thairgeann an rialtas fóirdheontas €100, b'fhéidir gur deis a bheadh ann do spórtlanna méadú den chineál céanna a chur ar a dtáillí bliantúla. Sin feiniméan coitianta i margaí fóirdheonaithe (cosúil leis an Scéim Cuidiú le Ceannach sa tithíocht). Is é an rialtas a bhíonn ag fóirdheonú corrlaigh bhrabúis gnólachtaí príobháideacha sa deireadh thiar seachas cúrsaí aclaíochta a dhéanamh níos inacmhainne don duine féin. **Droch-Fhreastal agus Éifeachtúlacht Iompraíochta** – Aithnítear go forleathan nach gciallaíonn dreasacht airgeadais chun ballraíocht a ghlacadh i spórtlann go leanfaidh duine ag úsáid na spórtlainne go fadtéarmach. Is minic go dtiteann an freastal ar spórtlann tar éis na gcéad chúpla mí den bhliain. Tá teorainn leis na sonraí a chruthódh go spreagann fóirdheontas duine chun a stíl mhaireachtála a athrú go hiomlán. **Neamhéifeachtúlacht i gcomparáid le Bonneagar do "Thaisteal Gníomhach"** – Déanann lucht cáinte an argóint gur cur chuige caolaigeanta, atá "saincheaptha don duine aonair" maidir le sláinte é spórtlanna a fhóirdheonú agus go ndéantar neamhaird d'idirghabhálacha níos éifeachtaí ar leibhéal an daonra leis an gcur chuige sin. Déanann níos mó daoine in Éirinn aclaíocht i "socrúcháin neamhfhoirmiúla" cosúil le páirceanna, cnoic etc ar bheagán costais nó saor in aisce. Déanann eacnamaithe an argóint gur fearr an €65 milliún a theastódh le haghaidh fóirdheontais do spórtlanna a chaitheamh ar bhonneagar poiblí–cosúil le lánaí rothaíochta scartha amach, linnte snámha poiblí, nó soilsiú le haghaidh "Glasbhealaí". Soláthraíonn na hinfheistíochtaí sin buntáiste buan, saor in aisce don phobal ar fad, is cuma iad a bheith in acmhainn táille mhíosúil a íoc nó gan íoc.	**8**

(b)

Is é *Castore* (déantóir éadaí spóirt agus lúthchleasaíochta) a sholáthraíonn an geansaí oifigiúil d'fhoirne sacair na hÉireann.



(i) Luaigh **déantóir** amháin eile éadaí spóirt agus lúthchleasaíochta.
O'Neills, Nike, Adidas, New Balance, Under Armour, Gym + Coffee, Gymshark.

8

(ii) Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste amháin do **dhéantóir** éadaí spóirt agus lúthchleasaíochta má dhéanann sé conradh chun a bheith mar an t-aon soláthraí éadaí d'fhoireann spóirt / do thír.

4

Ioncam Cinnte agus Méidmhargadh - Soláthraíonn margadh eisiach méid díolachán intuartha ollmhór. Is é an déantóir an t-aon fhoinse atá ann d'éadaí oifigiúla "imeartha" agus d'éadaí traenála na foirne.

Cothroime Branda Feabhsaithe – Trí theacht i gcomhar le foireann bhuacach nó cháiliúil, faigheann an déantóir luachanna na foirne le hoidhreacht, agus sin as a gcuid éachtaí agus a n-imirt den scoth. Má tá na lúthchleasaithe is fearr ar domhan ag caitheamh branda ar leith chun dul san iomaíocht ag an leibhéal is airde, d'fhéadfadh an pobal i gcoitinne féachaint ar an mbranda mar bhranda atá níos fearr ar bhonn teicniúil.

Treisiú an Mhiondíoltóra agus Spás ar an tSeilf – Ach na cearta eisiacha a bheith aige ar éadaí spóirt foirne a bhfuil an-tóir uirthi tugtar cumhacht mhargála thar cuimse don déantóir nuair a bhíonn sé ag déileáil le miondíoltóirí móra spóirt (cosúil le JD Sports nó Lifestyle Sports). Ní mór do mhiondíoltóirí na héadaí oifigiúla foirne a chur ar an tseilf chun an lucht leanúna a thabhairt isteach. Ráthaítear leis sin go bhfaighidh na héadaí príomháit ar an tseilf agus neartaítear seasamh foriomlán an déantóra sa tírdhreach miondíola.

Margaíocht Dhíreach agus Feiceálacht Sheasta – Is clár fógraíochta é comhaontú aonair le soláthraí nach gá a athrú go deo. Bíonn lógó an bhranda feiceálach le linn cluichí a chraoltar ar an teilifís, i nuachtáin, ar na meáin shóisialta, agus i ngach "seat imeartha" de na himreoirí. In ionad fógra 30 soicind nach bhféachann lucht féachana air fiú, comhtháthaítear an branda isteach i gcroílár na siamsaíochta.

Taighde agus forbairt Táirge agus Bailíochtú Teicniúil – Soláthraíonn foirne gairmiúla "saotharlann bheo" le haghaidh na dteicneolaíochtaí is nuaí de chuid an déantóra, cosúil le fabraicí a shúnn taise nó dearaí aeraidinimiciúla.

Táirgeann Castore geansaithe na hÉireann gach seachtain agus faigheann sé ioncam €100,000 i ndíolacháin iomlána as sin. Íocann Castore na costais a leanas gach seachtain as geansaithe na hÉireann a tháirgeadh:

Pá: €5,000 Amhábhair: €25,000 Solas agus Teas: €2,000 Cíos: €3,000

(iii) Ríomh an costas iomlán seachtainiúil agus an brabús iomlán seachtainiúil ag Castore as geansaí na hÉireann a tháirgeadh. **Taispeáin do chuid oibre ar fad.**

16

Costas iomlán:	**Brabús:**
€5,000 €25,000 €2,000 €3,000	€100,000 -€35,000
€35,000	**€65,000**

(c)		Tá Castore buartha go mb'fhéidir go bhfuil cuideachtaí/daoine ag soláthar geansaithe neamhoifigiúla sa gheilleagar folaithe.	
	(i)	Mínigh an téarma **geilleagar folaithe**. Tabhair sampla amháin eile de ghníomhaíocht sa gheilleagar folaithe	
		Míniú: An ghníomhaíocht eacnamaíochta ar fad nach mbíonn aon trácht air sna cuntais ioncaim náisiúnta // Ioncam ó fhoinsí neamhdhleathacha // ioncaim nach ndearbhaítear.	**7**
		Sampla: Múinteoir a thugann diancheachtanna, Díol drugaí neamhdhleathacha, fear ceirde a dhéanann 'seachjab'.	**4**
	(ii)	Tabhair breac-chuntas ar thionchar eacnamaíochta amháin a bhíonn ag gníomhaíochtaí eacnamaíochta folaithe ar ghnólachtaí in Éirinn **agus** ar rialtas na hÉireann.	**6**
		Gnólachtaí: **Iomaíocht mhíchothrom** – Ní mór do ghnólachtaí dlisteanacha dul in iomaíocht le gnólachtaí a sheachnaíonn cánacha, rud a thugann costais níos ísle dóibh agus buntáistí praghsála. **Cailliúint custaiméirí** – D'fhéadfadh gnólachtaí sa scáthgheilleagar sladghearradh a dhéanamh ar phraghsanna, agus custaiméirí a thógáil ó ghnólachtaí atá ag comhlíonadh an dlí. **Deacracht le pleanáil** – Fágann iomaitheoirí neamhrialáilte nach féidir éileamh an mhargaidh a thuar, agus bíonn réamhaisnéisiú gnó casta dá bharr. **Baol do chlú** – Is féidir le gnólachtaí a bhíonn ag gabháil don gheilleagar folaithe damáiste dlíthiúil nó damáiste dá gclú a fhulaingt. **Costais chomhlíontachta níos airde** – D'fhéadfadh gnólachtaí atá ag cloí leis an dlí níos mó airgid a chaitheamh ar iniúchtaí, tuairisciú, agus ar chomhlíonadh dlíthiúil chun go mbeidh gach rud i gceart is i gcóir. **Muinín laghdaithe sa soláthraí** – D'fhéadfadh sé go dteipfeadh ar rannpháirtithe sa scáthgheilleagar soláthraithe a íoc nó oibleagáidí conarthacha a chomhlíonadh, rud a dhéanann difear do shlabhraí soláthair.	
		An Rialtas: **Cailleadh amach ar ioncam cánach** – Seachnaíonn gníomhaíocht sa scáthgheilleagar cáin ioncaim, CBL, agus cáin chorparáide, rud a laghdaíonn na cistí a bhíonn ag an rialtas i gcomhair seirbhísí poiblí. **Sonraí eacnamaíocha saofa** – D'fhéadfadh sé nach dtabharfadh OTI agus figiúirí an rialtais léiriú cruinn ar ghníomhaíocht eacnamaíochta, agus as sin d'fhéadfaí droch-chinntí beartais a dhéanamh. **Seirbhísí poiblí laghdaithe** – Ciallaíonn níos lú ioncaim ó cháin nach mbeidh an oiread airgid ar fáil le haghaidh cúram sláinte, oideachas, agus bonneagar. **Spreagtar gníomhaíocht mhídhleathach** – Is féidir le scáthgheilleagar sciúradh airgid, calaois, agus iompar coiriúil eile a mhéadú. **Boilsciú agus praghsáil mhíchóir** – D'fhéadfadh scáthgheilleagair praghsanna a ionramháil, rud a chruthaíonn éagobhsaíocht i margaí áirithe. **Lagaítear muinín infheisteoirí** – D'fhéadfadh infheisteoirí idirnáisiúnta féachaint ar Éirinn mar thír lena mbaineann baol níos mó má tá gníomhaíocht an scáthgheilleagair forleathan inti, rud lena laghdófaí infheistíocht eachtrach.	**6**

Ceist 16

		Freagraí Féideartha	Uasmharc
(a)		Tá Sony ag ardú an phraghais de $50 ar an gconsól físchluichí Playstation 5 de bharr chinneadh Uachtarán SAM, Donald Trump, taraifí níos airde a ghearradh. Arna chur in oiriúint ó RTÉ.ie  	
	(i)	Mínigh an téarma eacnamaíochta **taraif**. Cáin ar earraí a iompórtáiltear isteach i dtír.	8
	(ii)	Tabhair breac-chuntas ar chúis eacnamaíochta amháin a d'fhéadfadh a bheith ag Donald Trump le taraifí a **ardú** in 2025. **Déantúsaíocht Intíre & Poist a Chosaint -** Leag Trump amach na taraifí ar bhealach chun déantúsaíocht a thabhairt ar ais chun na tíre agus borradh a chur faoi bhonn tionsclaíoch Mheiriceá. Trí iompórtálacha a dhéanamh níos daoire, bhí sé mar aidhm aige táirgeacht intíre a spreagadh–go háirithe in earnálacha straitéiseacha–chun athbheochan a dhéanamh ar acmhainn déantúsaíochta na Stát Aontaithe. **Aghaidh a Thabhairt ar Easnaimh Mhóra Trádála –** Luaigh Donald Trump na heasnaimh thrádála atá seasmhach ag na Stáit Aontaithe–níos mó ná $1.2 trilliún in 2024 agus dúirt sé nach bhféadfaí leanúint dóibh, nach raibh siad inbhuanaithe. Socraíodh taraifí mar uirlisí chun cothromaíocht a thabhairt ar ais don trádáil agus dreasacht a thabhairt do náisiúin eile chun cleachtais trádála níos cothroime a ghlacadh. **Ioncam Feidearálach a Ghiniúint -** Le ciorruithe cánach géara (an "Big Beautiful Bill") lena laghdaítear ioncam an rialtais, úsáideadh taraifí mar bheart cúitimh trí ioncam suntasach a ardú–rud a úsáideadh uaireanta mar rogha eile ar chánacha ioncaim. **Taraifí in úsáid mar Bhuntáiste Taidhleoireachta** - Úsáideadh taraifí mar uirlis thaidhleoireachta neamhfhoirmiúil–chun brú a chur ar chomhpháirtithe trádála maidir le saincheisteanna mar gháinneáil ar fheantainil, inimirce, ailínithe geopholaitiúla, nó lamháltais i gcainteanna trádála. Dhírigh roinnt taraifí ar thíortha maidir le díospóidí polaitiúla níos leithne.	8

	(iii)	Tabhair breac-chuntas ar thionchar eacnamaíochta amháin a d'fhéadfadh a bheith ag an ardú sin i dtaraifí ag Stáit Aontaithe Mheiriceá (SAM) **ar gheilleagar na hÉireann**. **Easpórtálacha níos ísle -** Tá earraí cógaisíochta agus táirgí leighis ar an margadh easpórtála is mó atá ag Éirinn le Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus meastar gurbh fhiú beagnach €100 billiún é in 2024. Cé go raibh díolúine ag na hearraí sin riamh anall ó dhleachtanna, tugadh taraifí isteach le beartais le déanaí. Chun a bheith iomaíoch i gcónaí, d'fhéadfadh sé go gcaithfeadh gnólachtaí sa deireadh na costais a iompar nó iad a chur ar aghaidh chuig tomhaltóirí sna Stáit Aontaithe, agus as sin d'fhéadfadh meath teacht ar mhéideanna easpórtála. **Brú ar an Tionscal Agraibhia -** Feidhmíonn gnólachtaí agraibhia na hÉireann (FBManna) go minic ar chorrlaigh níos caoile agus ní bhíonn an bonneagar acu chun dul i gcion go tapa ar mhargaí nua. Mar shampla, nuair a chuirtear taraif 20% ar fhuisce na hÉireann bíonn sé i bhfad níos daoire ná deochanna biotáille de chuid na Stát Aontaithe, rud a chuireann iallach ar tháirgeoirí Éireannacha an sciar den mhargadh a chailleadh nó a gcuid easpórtálacha a sheoladh in ionad sin chuig an Ríocht Aontaithe nó an Áise. **Bagairt d'Ioncam ó Cháin Chorparáide -** Tá fáltais chánach na hÉireann ag brath go mór ar líon beag cuideachtaí ilnáisiúnta as na Stáit Aontaithe. Má thugtar taraifí agus ciorruithe cánach isteach sna Stáit Aontaithe (atá beartaithe chun cuideachtaí a mhealladh ar ais go Meiriceá) le chéile, ní bhíonn aon dreasacht ann do ghnólachtaí brabúis a dhéanamh in Éirinn nó oibríochtaí a leathnú ann níos mó. Má dhéantar athlonnú ar bhonn suntasach ar "mhaoin intleachtúil" nó ar dhéantúsaíocht ar ais go dtí na Stáit Aontaithe d'fhéadfaí "poll" ar fiú na billiúin euro é a fhágáil i mbuiséad náisiúnta na hÉireann. **Cur Isteach ar Shlabhraí Soláthair Domhanda -** Is mol criticiúil í Éire sa slabhra soláthair le haghaidh leathsheoltóirí agus comhpháirteanna ardteicneolaíochta. Cruthaíonn taraifí moill lóistíochta. Tá cás roimh ghnólachtaí Éireannacha anois a iompórtálann comhpháirteanna Meiriceánacha chun earraí críochnaithe a thógáil lena n-atheaspórtáil ina mbeidh "cáin dhúbailte" le híoc acu. As an éiginnteacht sin bíonn dearcadh "fan go bhfeicfear" ann go minic, rud a mhaolaíonn ar infheistíocht ghnó agus a chuireann moill ar an bpróiseas earcaíochta in earnáil na teicneolaíochta **Brúnna boilscitheacha agus Frithbheart de bharr an "Chogaidh Trádála" -** Mar chuid den Aontas Eorpach, ní leagann Éire síos a beartas trádála féin. Má fhreagraíonn an tAontas do tharaifí na Stát Aontaithe lena dtobhaigh féin ar earraí Meiriceánacha, ansin cuirfear cogadh trádála ar bun. Cruthaíonn sé sin timthriall den bhoilsciú iompórtáilte.	**9**

(b)		Glacann fiontraithe riosca nuair a eagraíonn siad na tosca táirgeachta eile chun earra nó seirbhís a tháirgeadh.	
	(i)	Ainmnigh dhá thoisc tháirgeachta ar bith **seachas** fiontraíocht. Talamh Saothar Caipiteal	**2 x 3**
	(ii)	Mínigh ceann amháin de na tosca táirgeachta a d'ainmnigh tú i gcuid **(i)** thuas. Is éard is **talamh** aon rud a chuireann an nádúr ar fáil a chuidíonn i dtáirgeadh earraí agus seirbhísí . Is éard is **saothar** an iarracht **dhaonna** a chuidíonn le táirgeadh earraí agus seirbhísí. Is éard is **caipiteal** aon rud a dhéanann an duine a chuidíonn i dtáirgeadh earraí agus seirbhísí.	**7**
	(iii)	Mol beart amháin a d'fhéadfadh rialtas na hÉireann a dhéanamh chun níos mó daoine a spreagadh le bheith ina bhfiontraithe. **Beart:** **Deontais agus maoiniú a chur ar fáil** – Deontais nuathionscanta a thairiscint, iasachtaí ar ús íseal, nó síolchaipiteal chun cuidiú le fiontraithe costais tosaigh a chumhdach agus an riosca airgeadais a laghdú. **Cánacha a laghdú do ghnólachtaí nuathionscanta** – Cáin chorparáide a ísliú nó faoiseamh cánach a chur ar fáil do ghnólachtaí nua chun go mbeidh sé níos éasca acu teacht slán agus fás. **Infheistiú in oideachas agus oiliúint** – Tacaíocht a thabhairt do chúrsaí fiontraíochta i scoileanna, coláistí, agus in ionaid oiliúna chun na scileanna a thabhairt do dhaoine a theastaíonn uathu chun gnó a reáchtáil. **Rochtain ar chomhairle agus ar mheantóireacht a fheabhsú** – Oifigí Fiontar Áitiúla agus líonraí gnó a leathnú ionas gur féidir le fiontraithe saintreoir agus tacaíocht a fháil. **Deireadh leis an maorlathas** – Rialacháin a shimpliú agus maorlathas a laghdú ionas go mbeidh sé níos tapa agus níos éasca gnó a bhunú agus a reáchtáil. **Infheistiú i mbonneagar** – Leathanbhanda láidir, iompar, agus seirbhísí digiteacha a chinntiú ar fud na tíre ionas gur féidir le gnólachtaí feidhmiú go héifeachtúil.	**12**

(c)		D'ardaigh an rialtas leibhéal an íosphá go €14.15 san uair i mBuiséad 2026 cé go ndearna na Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide (SMEs) gearán**.**	
	(i)	Mínigh an **chúis** a bhfuil ardú san íosphá tábhachtach do roinnt fostaithe. **Ioncam níos airde** – Saothraíonn oibrithe tuilleadh airgid, rud a fheabhsaíonn a gcaighdeán maireachtála agus a chuidíonn chun costais atá ag dul in airde cosúil le bia, tithíochta agus iompar a chumhdach. **Bochtaineacht laghdaithe** – Cabhraíonn pá níos airde chun oibrithe ar phá íseal agus a dteaghlaigh a thabhairt amach as an mbochtaineacht, rud a laghdaíonn brú airgeadais. **Spreagadh méadaithe** – Is féidir le pá níos fearr meanma a ardú, sástacht poist, agus táirgiúlacht, toisc go mothaíonn fostaithe go bhfuil níos mó ómóis dóibh. **Sláinte agus folláine fheabhsaithe** – Le breis ioncaim indiúscartha, bíonn oibrithe in acmhainn bia níos sláintiúla a cheannach, tithíocht níos fearr, agus cúram leighis, agus as sin tagann cáilíocht saoil níos fearr. **Neamhspleáchas airgeadais níos mó** – Ní bhíonn oibrithe ag brath chomh mór ar thacaíocht leasa shóisialaigh nuair a ardaíonn pá, agus tugann sé sin níos mó neamhspleáchais agus slándála dóibh.	**8**
	(ii)	Tabhair breac-chuntas ar argóint eacnamaíochta amháin **i gcoinne** ardú ar bith eile ar an íosphá in Éirinn**.** **Costais saothair níos airde** – Ní mór do ghnólachtaí níos mó airgid a chaitheamh ar phá, rud a ardaíonn costais oibríochtúla fhoriomlána. **Brabúis laghdaithe** – Le costais níos airde, d'fhéadfadh corrlaigh bhrabúis laghdú mura méadaíonn gnólachtaí praghsanna nó mura ngearrann siad siar ar chostais in áit éigin eile. **Brú chun praghsanna a ardú** – Chun pá níos airde a chumhdach, d'fhéadfadh roinnt gnólachtaí praghsanna a ardú, agus d'fhéadfadh sé sin ansin iomaíochas a laghdú. **Níos lú post nó uaireanta laghdaithe** – D'fhéadfadh sé nach bhfostódh fostóirí an méid céanna oibrithe, d'fhéadfaidís uaireanta foirne a ghearradh, uathoibriú a thabhairt isteach in ionad róil áirithe chun costais a bhainistiú. **Brú ar ghnólachtaí beaga** – D'fhéadfadh gnólachtaí níos lú a bhfuil buiséid níos cúinge acu streachailt níos mó ná cuideachtaí níos mó chun na costais bhreise pá a iompar.	**8**

	(iii)	Mol beart amháin eile, seachas ardú pá, a d'fhéadfadh **fostóir** a dhéanamh chun a fhostaithe a chúiteamh as a ndílseacht. **Socruithe Feabhsaithe maidir le hObair Sholúbtha -** Smacht níos mó á thabhairt ar an uair agus an áit a dhéantar obair, bíonn an meas céanna air sin go minic is a bhíonn ar ardú pá. Laghdaíonn an tsolúbthacht sin tuirse agus costais chomaitéireachta, rud lena bhfeabhsaítear go díreach caighdeán maireachtála an fhostaí agus a léiríonn muinín ina neamhspleáchas. **Forbairt Phearsanta agus Uas-sciliú -** Is bealach cumhachtach é infheistíocht a dhéanamh i dtodhchaí fostaí le taispeáint dóibh go bhfuil meas orthu. Is féidir le fostóirí aisíocaíocht ar theagasc a thabhairt, rochtain ar phríomhardáin foghlama ar líne, nó am saor íoctha a thabhairt dóibh chun freastal ar chomhdhálacha de chuid an tionscail. **Sláinte Chuimsitheach agus Buntáistí ó thaobh Folláine de -** Taobh amuigh d'árachas bunúsach, is féidir le fostóirí ballraíochtaí i spórtlanna a thairiscint ar lascaine, laethanta sláinte meabhrach, nó rochtain ar sheirbhísí comhairleoireachta príobháideacha. Rannchuidíonn tairbhí ar an láthair cosúil le beáir sneaiceanna sláintiúla nó stipinní eirgeanamaíocha don spás oibre freisin le cultúr ina dtugtar tús áite do fhad saoil fhisiciúil agus mheabhrach chun tosaigh ar thorthaí gearrthéarmacha. **Aitheantas Poiblí agus Cláir Luach Saothair -** Is rud riachtanach ó thaobh na síceolaíochta de é dearbhú a fháil ó chomhghleacaithe agus ón gceannaireacht, agus rud é sin nach sásaíonn pá as féin. Nuair a dhéantar comóradh ar éachtaí i gcruinnithe leis an gcuideachta ar fad nó trí nuachtlitreacha inmheánacha, forbraítear braistint muintearais agus atreisítear iompar dearfach i measc na foirne ar fad. **Am Saor Breise le Pá -** Is acmhainn é am nach féidir a fháil ar ais, agus is luach saothair den scoth é tuilleadh ama a thabhairt ar ais d'fhostaithe. Taobh amuigh de shaoire reachtúil, is féidir le fostóirí laethanta deonacha a thairiscint, nó cláir shabóideacha leathnaithe d'fhoireann atá fostaithe leo le fada. Tugann na bearta sin deis d'fhostaithe tabhairt faoi chaitheamh aimsire pearsanta dá gcuid féin nó a scíth a ligean go hiomlán, rud a chinntíonn nuair a bhíonn siad ag an obair, go mbíonn siad níos dírithe agus níos bisiúla.	**9**

Meánleibhéal Eacnamaíocht Tionscadal Taighde Scoláire

Sula tosaítear marcáil léigh an Staidéar Fiosrúcháin Aonarach iomlán chun eolas a chur ar an ábhar atá le marcáil.

Tabhair faoi deara: Bí cúramach gan phionós a thabhairt do ghontacht ealaíonta, nó chun duais a thabhairt d'fhad míchuibhiúil.

Ba chóir go bhfuil na tuairisceoirí seo léirmhínithe i gcomhthéacs dúshláin agus éilimh an fhiosrúcháin a roghnaigh an t-iarrthóir.

Roinn	An-mhaith	Maith	Réasúnta	Lag
Réamhrá	Tá an ghné fiosrúcháin soiléir agus tá fianaise ann do chomhleanúnachas. Tá na haidhmeanna doiléir go leor i gcomhthéacs ach baineann sé roinnt riachtanais amach. Iarracht réasúnta maith déanta ar nascadh an ghné fhiosrúcháin leis na Torthaí Foghlama.	Iarracht bunúsach ar nascadh an ghné fhiosrúcháin leis na Torthaí Foghlama. Tá easpa doimhneacht agus struchtúr sa tuairisc. Tá na haidhmeanna an-doiléir agus taispeánann sé tuiscint teoranta don téama agus an LOI. Iarracht doiléir ar nascadh an ghné fhiosrúcháin leis na Torthaí Foghlama	Leibhéal an-bhunúsach d'fhreagra. Nascadh an-íseal don ghné fiosrúcháin leis an téama nó na Torthaí Foghlama. Tá na haidhmeanna a chuirtear ar fáil an-íseal gan struchtúr.	Níl an ghné fhiosrúcháin ábhartha leis an téama nó an t-ábhar. Níl nasc ann leis na Torthaí Foghlama. Níl aidhmeanna ar bith curtha ar fáil.
10 marc	**8-10**	**6-7**	**4-5**	**0-3**
Fianaise ar shonraí: 5 mharc	**5**	**Bain 1 mharc muna bhfuil sonraí cainníochtúil ann.**	**Bain 1 mharc muna bhfuil 2 foinse san áireamh.**	

An PróiseasTaighde 40 marc				
	An-mhaith 8-10	**Maith 6-7**	**Réasúnta 4-5**	**Lag 0-3**
Úsáid & Anailís	Úsáid mhaith agus anailís ar phríomh-choincheapa agus teoiric leis an ghné fhiosrúcháin.	Úsáid shimplí d'phríomh-choincheapa agus teoiric leis an ghné fhiosrúcháin.	Iarracht shimplí, cineál doiléir chun coincheap/teoiric a chuir leis an ghné fhiosrúcháin.	Níl úsáid coincheap/teoiric ar bith leis an ghné fhiosrúcháin. Tá coincheapa agus teoiric neamhábhartha leis an ghné fhiosrúcháin.
Léirmhíniú & Luacháil	Anailís agus léirmhíniú bunúsach agus luacháil ar fhoinsí eolais agus sonraí a úsáidtear. Déanann na coincheapa agus teoiric a úsáidtear nascanna trialach chuig páirt don phróiseas taighde. I gcásanna áirithe, is féidir go mbeidh luacháil fágtha ar lár.	Anailís & léirmhíniú an-bhunúsach agus ar fhoinsí eolais. Is féidir go mbeidh luacháil fágtha ar lár. Tá na coincheapa cineál ábhartha agus cuirtear iad leis an ghné fhiosrúcháin in amanna.	Tá an taighde a dhéantar ar shonraí agus foinsí eolais an-íseal a fhágann léirmhíniú bheag nó léirmhíniú ar bith.	Roghnú an-íseal d'fhoinsí taighde. Beagán fianaise do luacháil.
Argóintí & Breithiúnais	Cuirtear cuid argóintí agus breithiúnais maithe ar fáil atá nasctha ar dóigheanna chuig coincheapa agus teoiric eacnamaíochta.	Tá na hargóintí/breithiúnais a chuirtear ar fáil an-teoranta agus is féidir nach bhfuil siad ábhartha.	An-teoranta má tá argóintí nó breithiúnais ar bith curtha ar fáil.	Ní chuirtear aon argóint agus breithiúnais ar fáil.
Sonraí	Tá na foinsí eolais agus sonraí atá in úsáid ábhartha agus suas chun dáta ach an-teoranta i dtaca le cáilíocht agus caighdeán.	Tá foinsí eolais agus sonraí, má tá siad san áireamh, ábhartha go pointe agus tá féidearthacht go bhfuil cuid acu suas chun dáta.	Tá an fhianaise do na foinsí eolais a úsáidtear agus na sonraí an-teoranta agus an-doiléir. Beagán fianaise.	Níl na foinsí eolais atá in úsáid nó sonraí soiléir.

	An-mhaith	Maith	Réasúnta	Lag
Conclúid	Conclúid áirithe bunaithe go soiléir ar an anailís agus luacháil bunúsach don fhianaise le nasc maith chuig coincheapa & teoiric. Cuirtear aidhmeanna beartaithe in iúl & baintear an méid is mó dóibh amach. Easpa struchtúr & doimhneacht leis na moltaí. Moltar ceistábhartha/gné fiosrúcháin cineál nua.	Déantar conclúidí d'chineál éigean bunaithe ar anailís agus luacháil an-bhunúsach (má dhéantar ceachtar acu) le roinnt fianaise teoranta go bhfuil siad beagáinín nasctha le coincheapa/teoiric. Baintear cuid d'aidhmeanna beartaithe amach agus déantar roinnt moltaí a thabhairt. Is féidir go bhfuil iad seo neamhábhartha nó mícheart.	Déantar roinnt moltaí a thabhairt ach níl mórán fianaise chun tacaíocht a thabhairt dóibh. Is féidir go bhfuil iad seo bunaithe ar ábhar neamhábhartha. Cuirtear roinnt do na haidhmeanna beartaithe in iúl go pointe. Athchúrsáil agus athrá eolais atá in úsáid cheana infheicthe.	Beagáinín conclúid nó conclúid ar bith déanta gan mórán fianaise le tacaíocht a thabhairt dóibh agus ábhar neamhábhartha in úsáid. Ní bhaintear aidhmeanna beartaithe amach. Cuid mhór athdhéanamh agus athrá.
20 marc	**16-20**	**12-15**	**8-11**	**0-7**
Machnamh	Tá machnamh pearsanta ar an SRP le feiceáil. Ceapann & machnaíonn scoláirí ar roinnt gnéithe dá bhfoghlaim. Machnamh bunúsach déanta ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar.	Iarracht déanta ar mhachnamh pearsanta bunúsach ar ghnéithe áirithe don SRP. Machnamh an-bhunúsach déanta ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar.	Faightear léargais pearsanta teoranta fríd machnamh teoranta ar an ábhar. Machnamh teoranta (má dhéantar machnamh ar bith) déanta ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar.	Níl machnamh pearsanta ar bith ann -- machnamh easnamhach. Athrá fíricí foghlamtha. Léargas pearsanta ar bith déanta ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar.
10 marc	**8-10**	**6-7**	**4-5**	**0-3**
Cumarsáid Léiriú & Comhleanúnachas Iomlán	Tá an SRP ciallmhar agus loighciúil go leor. Tá an teanga, na coincheapa & na sonraí imeasctha go pointe chun gluais & struchtúr bunúsach a thabhairt.Tá cumarsáid sonraí & eolais soiléir ach simplí.Tá fianaise ann d'úrnuacht agus nuálaíocht	Tá easpa ciall agus fócas ag an SRP. Tá easpa fócas & struchtúr ag an teanga, na coincheapa & na sonraí & is féidir go mbeidh an tuairisc deacair le leanúint. Easpa comhsheasmhacht. Gan mórán fianaise d'úrnuacht agus nuálaíocht.	Iarracht bhocht ag SRP loighciúil agus ciallmhar a thabhairt. Tá an teanga, na coincheapa & sonraí an-íseal agus mearaithe le cuid mhór earráidí fríd. Cuid fianaise nó gan fianaise d'úrnuacht agus nuálaíocht.	Níl struchtúr agus comhleanúnachas ar bith leis an SRP seo. Ábhar neamhábhartha agus earráidí mhóra. Tá eolas míchruinn/bradáil sa tuairisc.
15 marc	**12-15**	**9-11**	**6-8**	**0-5**